


**Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-  
Athnuaite  
Chuan na Gaillimhe**

**Iarratas ar Léas Urthrá FS006566**

**Freagairt d'Aighneachtaí Poiblí**

**Samhain 2016**



## Clár Ábhar

Réamhrá.....	3
Comhairliúchán Comhlachtaí Forordaithe.....	4
Comhairliúchán Poiblí.....	5
1. Saincheisteanna um Chruinneas Faisnéise.....	7
2. Saincheisteanna maidir le Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta .....	10
3. Saincheisteanna um Choinbhleacht Leasa .....	12
4. Comhfhreagras .....	13
5. Saincheisteanna um Measúnacht Tionchair Comhshaoil.....	14
6. Saincheist Phlean Forbartha na Gaillimhe.....	20
7. Saincheisteanna maidir le Ceangal leis an Eangach .....	22
8. Saincheist Bhuairt Sláinte .....	24
9. Saincheisteanna léasa.....	25
10. Saincheisteanna maidir leis an láthair .....	27
11. Saincheisteanna torainn .....	31
12. Saincheisteanna eile .....	32
13. Saincheisteanna truaillithe .....	38
14. Saincheist an Phrionsabail Réamhchúramaigh.....	40
15. Saincheisteanna Comhairliúcháin Phoiblí.....	41
16. Saincheisteanna turasóireachta.....	46
17. Saincheisteanna Tionchar Amhairc.....	50
18. Saincheisteanna fiadhúlra.....	55

## **Réamhrá**

Tá iarratas á dhéanamh ag Foras na Mara ar Léas Urthrá do Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite. Tá sé lonnaithe ag an láithreán reatha tástála amach ón gcósta ón Spidéal, Contae na Gaillimhe agus soláthróidh sé limistéar léasaithe d'fhorbróirí agus do thaighdeoirí chun a dtionairí fréamhshamhla fuinneamh aigéin agus a dteicneolaíochtaí gaolmhara a thástáil.

Déantar soláthar san iarratas d'uasghrádú bonneagair chun feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí deiridh. Sonraítear sa liosta a leanas na húsáidí fadtéarmacha a bheartaítear a bhaint as an láithreán:

- Marcanna príomhairde uasghrádaithe chun loingsiú níos sábháilte a éascú;
- Baoi sonraí chun tomhais toinne a sholáthar;
- Baoithe chun tástáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí muirí agus brathadóirí eolaíochta;
- 'Stáisiún Mara' a sholáthróidh cumhacht do, agus a scaipfidh cumhacht ó, gléasanna fuinneamh aigéin anuas ar chumarsáid sonraí a sholáthar don chladach;
- Eagar fuaimiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar fhuaim faoi uisce;
- Bun(anna) comhghlasáilte modúlach(a) domhantarraingthe;
- Brathadóirí agus ionstraimí éagsúla eolaíochta;
- Cáblaí a cheanglóidh na hionstraimí, brathadóirí, agus na gléasanna fuinneamh aigéin;

Cumasóidh uasghrádú beartaithe an láithreáin chun a mhéid le trí ghléas aonair, de na saghsanna a leanas, a imlonnú ar bhonn tréimhsiúil, ar mhaithe le cuspóirí tástála agus measúnaithe ar feadh tréimhse uasta 18 mí:

- Tionairí fuinneamh aigéin dromchla;
- Tionairí fuinneamh aigéin fodhromchla;
- Tionairí fuinneamh aigéin ghrinneall na farraige;
- Tuirbíní fréamhshamhla gaoithe ar snámh;
- Teicneolaíochtaí muirí agus brathadóirí eolaíochta úrnua.

Bearaítear go n-oibreofar an láithreán ar feadh a fhad le 35 bliain, agus go mbeidh gléasanna ar an láithreán ó am go ham i gcaitheamh na bliana. Rinneadh an láithreán tástála a struchtúró isteach i dtrí bheart, atá ceaptha gan ligean ach do 3 thiontaire fréamhshamhla fuinneamh aigéin a imlonnú agus a thástáil ag aon tráth amháin. Úsáidfear an ceathrú beart don Fhaireachlann Cháblaithe agus do thionscadail ghaolmhara.

## **Comhairliúchán Comhlachtaí Forordaithe**

Tugadh cuireadh d'aighneachtaí scríofa ar an bhforbairt a bheartaítear ó réimse comhlachtaí reachtúla, ina measc; an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bord Iascaigh Mhara, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, Garda Cóstá na hÉireann, an Oifig Suirbhé Mhuirí, an Roinn Cosanta, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, Iascaigh Intíre na hÉireann, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an RTBM), an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (an tAonad um Sheandálaíocht faoi Uisce), Comhairle Contae na Gaillimhe, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Met Éireann, an Chomhairle Oidhreachta, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra), agus Cairde Éanlaith Éireann.

## **Comhairliúchán Poiblí**

Tugann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RPPRÁ) ardtús áite do rannpháirtíocht phoiblí fad a dhéantar measúnú ar iarratais urthrá.

Sular seoladh ar aghaidh iarratas FS006566 ar léas urthrá de chuid Fhoras na Mara i rith na céime réamhiarratais, agus i gcaitheamh na céime forbartha tionscadail, chuir ionadaithe Fhoras na Mara cruinnithe ar siúl le príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus le hionadaithe i gceantar an Spidéil.

Sular seoladh ar aghaidh iarratas FS006566 ar léas urthrá i rith na céime réamhiarratais, scaipeadh bileoga faisnéise poiblí ar fud an Spidéil i nDeireadh Fómhair agus i Samhain 2015 a lorg tuairimí an phobail ar an togra.

Cuireadh trí chruinniú faisnéise poiblí ar siúl maidir leis an iarratas pleanáilte ar léas urthrá;

- An 19 Eanáir 2016 i dTigh Giblin, an Spidéal
- An 14 Meitheamh 2016 in Óstán na Páirce, an Spidéal
- An 21 Iúil 2016 in Óstán Chósta Chonamara, na Forbacha.

Roimh an tréimhse chomhairliúcháin poiblí reachtúil, agus lena linn, cuireadh fógraí sna nuachtáin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i mBealtaine, Meitheamh agus Lúnasa 2016.

Cuireadh tús leis an tréimhse chomhairliúcháin poiblí reachtúil an 19 Bealtaine 2016, agus bhí sé le tabhairt chun críche an 17 Meitheamh. Síneadh an tréimhse chomhairliúcháin poiblí i dtosach báire go dtí an 1 Iúil 2016, agus ina dhiaidh sin, go dtí an 2 Lúnasa 2016, agus ar deireadh, síneadh é go dtí an 9 Meán Fómhair 2016.

Cuireadh cóip iomlán den iarratas, agus de na léarscáileanna, pleannanna, tuarascálacha agus líníochtaí ábhartha, ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí ag na láithreacha a leanas:

- Stáisiún Gardaí Bhóthar na Trá, Bóthar na Trá, Cathair na Gaillimhe
- Leabharlann Phoiblí an Spidéil, an Spidéal, Contae na Gaillimhe
- Oifig Turasóireachta an Spidéil, an Spidéal, Contae na Gaillimhe

Cuireadh cóip iomlán den iarratas, agus de na léarscáileanna, pleannanna, tuarascálacha agus líníochtaí ábhartha, ar fáil ar líne<sup>1</sup>.

Chomh maith leis sin, chuir Foras na Mara bileog Cheisteanna Coitianta<sup>2</sup> le chéile agus scaip sé é ar ghnólachtaí éagsúla atá lonnaithe idir na Forbacha agus Indreabhán i rith na

<sup>1</sup> <http://www.housing.gov.ie/planning/foreshore/applications/marine-institute-spiddal>

Rochtain deiridh 16:51 an 4 Samhain 2016

<sup>2</sup> [http://www.marine.ie/Home/sites/default/files/MIFiles/Docs\\_Comms/Galway%20Bay%20Test%20Site%20FAQ%20ENG.pdf](http://www.marine.ie/Home/sites/default/files/MIFiles/Docs_Comms/Galway%20Bay%20Test%20Site%20FAQ%20ENG.pdf)

Rochtain deiridh 17:06 an 4 Samhain 2016

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

seachtaine an 20-24 Meitheamh 2016 i ndiaidh an dara cruinniú faisnéise poiblí, agus d'fhreagair siad go leor de na saincheistanna a tugadh chun solais.

Ina theannta sin, chuir Foras na Mara roinnt cruinnithe ar siúl le baill den phobail agus le go leor ionadaithe tofa poiblí i gcaitheamh na seachtainí a fhad le spriocdháta d'aighneachtaí an chomhairliúcháin phoiblí.

Dúnadh an chéim chomhairliúcháin phoiblí reachtúil ar dháta an spriocdháta d'aighneachtaí an 9 Meán Fómhair 2016. Fuair Foras na Mara 557 aighneacht ar an iarratas ar léas urthrá ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an 28 Meán Fómhair 2016.

Rinne Foras na Mara athbhreithniú ar gach aighneacht aonair agus rinneadh na hábhair éagsúla ar a ndearnadh an aighneacht a shainaithint agus a bhreacadh síos. Laistigh de gach ceann de na 18 n-ábhar a sainaithníodh, tugadh saincheistanna sonracha difriúla chun solais agus breacadh iad seo síos agus rinneadh iad a thagairt do gach uimhir aighneachta.

Sainaithnítear sa mhaitrís aighneachtaí a ghabhann leis seo gach ceann de na 18 n-ábhar, na 102 saincheist dhifriúil a bhaineann leis na 18 n-ábhar, agus uimhir na haighneachta a thug an tsaincheist chun solais.

Cuimsítear i bhfuílleach na cáipéise seo freagairt Fhoras na Mara do gach ceann de na 102 saincheist aonair a sainaithníodh a tugadh chun solais in aighneachtaí a fuarthas i rith thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí.

## 1. Saincheistanna um Chruinneas Faisnéise

### **Saincheist 1: Faisnéis mhícheart: Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna) ar iarraidh**

*Uimhreacha Aighneachta: 117, 122, 124, 262, 273, 274, 289, 311, 316, 317, 319, 320*

**Freagairt:** Sainaithnítear go soiléir sa Tuarascáil Chomhshaoil gach ceann de na limistéir atá sainithe i dtaobh comhshaoil de atá i ngar do Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaithe Chuan na Gaillimhe i bhFíor 3-2 ar leathanach 47. Sainaithnítear go soiléir, chomh maith, i dtuairisciú Scagtha Thástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 1 faoinar thug AquaFact International Services thar ceann Fhoras na Mara, na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta atá i ngar don láithreán tástála, anuas ar a leasanna cáilitheacha.

### **Saincheist 2: Faisnéis mhícheart: áiteanna cónaithe**

*Uimhreacha Aighneachta: 112, 114, 117, 124, 255, 264, 269, 273, 274, 277, 280, 287, 289, 307, 311, 312, 315*

**Freagairt:** Luaitear san fhoirm iarratais gurb é an fad ón áitreabh cónaithe is gaire 1.50km agus sainaithnítear tagairt don áit chónaithe ar líníocht uimhir 01: *Faid Láthair an Láithreáin* a ghabhann leis an iarratas. Is é an fad iarbhir chuig an áitreabh cónaithe is gaire 1.485km chuig réadmhaoín atá i ngar nach léirítear ar an léarscáil. Níl ar an léarscáil, ná ní airbheartaíonn sí, chun gach áit chónaithe a thaispeáint atá i ngar don láithreán tástála.

### **Saincheist 3: Tá an tIarratas neamhiomlán**

*Uimhreacha Aighneachta: 54, 57, 103, 117, 122, 124, 133, 262, 264, 273, 274, 289, 302, 313, 324*

**Freagairt:** Tá iarratas ar léas urthrú Fhoras na Mara, a ghabhann leis an Tuarascáil Chomhshaoil, agus leis na hagusíní iomlán agus comhlíonann siad na riachtanais le haghaidh iarratais ar léas.

### **Saincheist 4: Faisnéis dhoiléir faoi thairbhí geilleagracha**

*Uimhreacha Aighneachta: 124, 196, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 251, 252, 257, 265, 270, 271, 279, 281*

**Freagairt:** Téann Mír 5.3 den Tuarascáil Chomhshaoil i ngleic le tairbhí fostaíochta agus socheacnamaíocha. Luaitear sa mhír sin, i rith chéim oibríochtúil an láithreáin:

*“Beidh méadú i líon na gcuairteanna chun an cheantair, rud a chuirfidh an ghníomhaíocht eacnamúil chun cinn sna tionscail óstáin agus lónadóireachta áitiúla.”*

agus;

*“Teastóidh báid oibre agus conraitheoirí mara chun cúnamh le suiteáil, monatóireacht agus cothabháil na ngaireas tástála agus na mbraiteoirí níos lú a imlonnófar ar an láithreán”.*

Luaitear, chomh maith:

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

*“Ba chóir go n-aithneofaí deiseanna fostaíochta áitiúla agus g dtabharfaí spreagadh do ghnólachtaí áitiúla chun aon deis a thagann leis an tionscadal a thapú. Oibreoidh Foras na Mara le hÚdarás na Gaeltachta chun na tairbhí fadtéarmacha don réigiún a uasmhéadú.”*

I dtaobh an chumais chun post agus rachmas a chruthú, luaitear sa Staidéar Eacnamaíochta um Fhorbairt Fuinneamh Aigéin in Éirinn, a d’fhoilsigh an SEAI agus Invest Northern Ireland i 2010:

*“Tá fianaise dhaingean ann faoi láthair go bhféadfadh earnáil fuinneamh aigéin atá go hiomlán forbartha ar oileán na hÉireann a sholáthraíonn margadh baile agus a dhéanann soláthar do mhargadh domhanda le haghaidh fuinneamh in-athnuaite Glanluach Reatha (GLR) iomlán thart ar €9 billiún agus na mílte post a chruthú do gheilleagair in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. D’fhéadfadh tionscal tonnfhuinimh ar oileán na hÉireann a bhaineann an sprioc 500MW 2020 amach 1,431 post breise coibhéise lánaimseartha agus GLR €0.25bn a chruthú, a mhéadóidh aníos go dtí 17,000-52,000 post coibhéise lánaimseartha agus GLR idir €4-10bn faoin mbliain 2030. Braitheann seo ar rátaí dóthanacha foghlama teicneolaíochta a bhaint amach – ar dóchúlra go ndéanfar iad a spreagadh agus a chothabháil i dtosach báire trí fhoirm de chaipiteal agus/nó d’fhóirdheontas oibríochtúil. Ar an gcuma chéanna, d’fhéadfadh tionscal taoide a sholáthraíonn acmhainn 200MW faoin mbliain 2020 thart ar 600 post coibhéise lánaimseartha agus GLR €111m a sholáthar, a mhéadóidh aníos go dtí 8,500-17,000 post coibhéise lánaimseartha agus GLR idir €1.5-2.75bn faoin mbliain 2030.”*

Braitheann scála na dtairbhí geilleagracha a bhaintear amach ar deireadh go mbíonn baint luath san earnáil agus go gcuirtear i bhfeidhm tacaíochtaí cuí beartais don earnáil.

### **Saincheist 5: Ní raibh aon sonraí do gach gléas agus bonneagar a lonnófar ar an láithreán tástála.**

*Uimhreacha Aighneachta: 14, 40, 55, 98, 101, 103, 107, 121, 196, 205, 208, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 237, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 251, 252, 255, 257, 263, 270, 271, 278, 279, 281, 292, 311, 472*

**Freagairt:** Déantar cur síos ar an mbonneagar fadtéarmach agus gearrthéarmach araon, agus ar na gléasanna go léir a d’fhéadfaí a lonnú ar an láithreán tástála i gCaibidil 4 den Tuarascáil Chomhshaoil a ghabhann leis an iarratas ar léas urthrá.

### **Saincheist 6: Tá teideal an iarratais an-mhíthreorach**

*Uimhreacha Aighneachta: 131, 132, 196, 205, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 251, 252, 255, 257, 265, 270, 271, 273, 274, 287, 279, 281, 289, 291, 311*

**Freagairt:** Cé go bhféadfadh teideal na foirme iarratais “Iarratas ar Léas Urthrá chun Stáisiún Giniúna Leictreachais Amach ón gCósta a Thógáil” bheith ina údar le roinnt mearbhaill, i mír 22 den fhoirm iarratais: “Cineál an stáisiúin ghiniúna a bheartaítear (i.e. gaoth-thiomáinte, tonntiomáinte, etc.)”, déantar an cur síos soiléir a leanas air:

*“tástáil a dhéanamh ar ghléasanna fréamhshamhla gaoithe, toinne agus taoide”*



## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

Is ionann cineál na forbartha, faoi mar a ndéantar cur síos air ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil<sup>3</sup> agus “Iarratas ar ghléasanna fuinneamh taoide agus tonnfhuinimh agus gaothfhuinimh a thástáil ag Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe, an Spidéal, Contae na Gaillimhe.

Is é teideal na tuarascála comhshaoil a thacaíonn leis an iarratas thuas “Iarratas ar Léas Urthrá Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe: Tuarascáil Chomhshaoil”

### **Saincheist 7: Níl cineál agus méid iomlán an tionscadail a bheartaítear sainaitheanta go soiléir**

*Uimhreacha Aighneachta: 112, 114, 124, 143, 185, 186, 187, 188, 289, 307, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 328, 329, 330, 334, 552*

**Freagairt:** Déantar cur síos soiléir i gCaibidil 4 den Tuarascáil Chomhshaoil ar chineál agus ar mhéid iomlán an tionscadail a bheartaítear, ina measc rudaí eile, láthair an láithreáin tástála, comhábhair an tionscadail, bealach na suiteála, cineál an imlonnaithe agus gléasanna taispeána, amscála foriomlán an tionscadail, agus an cur chuige i leith díchoimisiúnú.

### **Saincheist 8: Faisnéis mhíthreorach**

*Uimhreacha Aighneachta: 10, 54, 90, 126, 194, 206, 255, 262, 267, 289, 300, 307, 308, 310, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 330*

**Freagairt:** Ní chuimsítear in iarratas ar léas urthrá Fhoras na Mara, a ghabhann leis an Tuarascáil Chomhshaoil agus na hagusíní tacaíochta aon fhaisnéis mhíthreorach.

---

<sup>3</sup> <http://www.housing.gov.ie/planning/foreshore/applications/marine-institute-spiddal>  
Rochtain deiridh 15:15 an 3 Samhain 2016

## 2. Saincheisteanna maidir le Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta

### **Saincheist 9: Ní dhearnadh Measúnú Cuí ar an tionchar**

*Uimhreacha Aighneachta: 144, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 159, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 189, 190, 191, 192, 198, 199, 200, 201, 204, 213, 214, 215, 216, 217, 224, 225, 226, 255, 293, 301, 304, 306, 311, 347, 349, 350, 351, 352, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 415, 416, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514*

**Freagairt:** Is é an chéad chéim sa phróiseas Tástála i leith Measúnú Oiriúnachta ná Scagadh. Téann scagadh i ngleic le réasúnú agus le conclúidí maidir leis an gcéad dhá thástáil ar Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga (92/42/CEE) agus cuireann sí i gcuntas iad:

- i. cé acu an bhfuil nó nach bhfuil ceangal díreach idir plean nó tionscadal le bainistíocht an láithreáin agus cé acu an bhfuil plean nó tionscadal riachtanach maidir le bainistíocht an láithreáin, agus
- ii. cé acu an dóchúil nó nach dóchúil go n-imreoidh plean nó tionscadal, leis féin nó i gcomhar le pleannanna nó le tionscadail eile, tionchar suntasach ar láithreán Natura 2000 mar gheall ar a chuspóirí caomhnaithe.

Má mheastar gurb ionann an tionchar agus tionchar suntasach, tionchar a d'fhéadfadh bheith suntasach, nó éiginnte, nó má éiríonn an próiseas scagtha ró-chasta, caithfidh an próiseas leanúint ar aghaidh go dtí Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 2 (Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú).

Thaispeáin measúnú Scagtha faoinar thug AquaFact International Services thar ceann Fhoras na Mara nach bhfuil aon fhéidearthacht ann go n-imreofar tionchar suntasach ón láithreán tástála a bheartaítear agus nach dteastaíonn Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 2. Cuirtear tuarascáil Scagtha Thástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 1 san áireamh in Aguisín 6 den Tuarascáil Chomhshaoil.

Foilseofar an scagadh i leith Measúnú Oiriúnachta nuair a bheidh sí tugtha chun críche ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ) ar láithreán gréasáin na Roinne nuair a rinneadh cinntiúchán ar an iarratas.

### **Saincheist 10: D'fhéadfadh Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a bheith riachtanach mar gheall ar bhearta maolaithe i gCáipéis Scagtha Natura.**

*Uimhreacha Aighneachta: 7*

**Freagairt:** Ní imreoidh an tionchar ón láithreán tástála a bheartaíonn aon tionchar suntasach ar na láithreáin Natura 2000 atá lonnaithe i ngar don láithreán, ná ar a leasanna cáilitheacha/a leasanna caomhnaithe speisialta, ná ar a gcuspóirí caomhnaithe. Bhí sé ina chonclúid ag an Measúnú Scagtha nach dteastaíonn Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 2. Níor sainaithníodh i dtuarascáil Scagtha Thástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 1 go raibh aon bhearta maolaithe nó monatóireachta ag teastáil.

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

Níor cuireadh bearta maolaithe san áireamh ach sa Mheasúnú sonrath ar Riosca i leith Mamaigh Mhuirí in Aguisín 6, Mír 4, faoi mar a d'iarr an tAonad Iarratais Forbartha den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (ag an tráth sin) a d'ordaigh gur cheart don mheasúnú ar mhamaigh mhuirí faisnéis a sholáthar ar an méid seo a leanas;

1. Cur Síos Bonnliné ar Mhamaigh Mhuirí
2. Measúnú ar an Tábhacht Dhóchúil i leith mamaigh mhuirí
3. Maolú agus Monatóireacht do mhamaigh mhuirí.
  - 3.1. Ba cheart cur síos a dhéanamh ar mhaolú agus monatóireacht bheartaithe

Ní thagann an Measúnú Riosca ar Mhamaigh Mhuirí faoi chuimsiú an phróisis Tástála i leith Measúnú Oiriúnachta.

### **Saincheist 11: An bhfuil an tAire sásta go ndearnadh measúnú cuí ar an 'tionscadal'?**

*Uimhreacha Aighneachta: 87, 208, 262, 331, 332, 325, 326, 300*

**Freagairt:** Foilseofar an scagadh i leith Measúnú Oiriúnachta nuair a bheidh sí tugtha chun críche ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ) ar láithreán gréasáin na Roinne nuair a rinneadh cinntiúchán ar an iarratas.

### **Saincheist 12: Níor cloíodh leis an nós imeachta cuí nuair a baineadh an cinneadh seo amach agus**

### **agus éireoidh leis an gceist seo i bpróiseas athbhreithnithe bhreithiúnaigh má thugtar faoi chomhairliúchán cuí.**

*Uimhreacha Aighneachta: 88*

**Freagairt:** Ullmhaíodh an Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta i gcomhréir leis an treoir reatha:

- Tástáil i leith Measúnú Cuí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn – Treoir d'Údaráis Phleanála (an RCORÁ 2009, Leasaithe i bhFeabhra 2010);
- Ráitis Tionchair Natura Mhuirí i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta Éireannacha – Cáipéis Oibre. Aibreán 2012 (an REOR, 2012)
- Cáipéis Treorach an AE ar Airteagal 6(4) den 'Treoir maidir le Gnáthóga' 92/43/CEE (CE, 2007);
- Measúnacht ar phleananna agus tionscadail a imríonn tionchar suntasach ar láithreáin Natura 2000. Treoir mhodheolaíoch ar fhorálacha Airteagal 6(3) agus (4) den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE (CE, 2002); agus
- Láithreáin Natura 2000 a bhainistiú: Forálacha Airteagal 6 den Treoir maidir le 'Gnáthóga' 92/43/CEE (CE, 2000).

Fad a bhí tuarascáil Scagadh Thástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 1 á hullmhú, tugadh faoi chomhairliúchán leis an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an SPNF) de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (an REOG) chun tuairim scóipeála an SPNF a shainaithint maidir leis an togra agus le srianta agus íogaireacht éiceolaíochta na ngnáthóg agus na speiceas sa cheantar. Cuirtear tuarascáil Scagtha Thástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 1, litir chomhairliúcháin agus freagairt san áireamh in Aguisín 6 den Tuarascáil Chomhshaoil.

### 3. Saincheisteanna um Choinbhleacht Leasa

#### **Saincheist 13: Neamhchlaontacht an Aire Coveney a Cheistiú**

*Uimhreacha Aighneachta: 84, 85, 107, 117, 226, 267, 289, 292, 300, 307, 308, 310, 311, 312, 314, 315, 316, 317, 319, 320, 330*

**Freagairt:** Ceist é seo a bhfuil ar an údarás ceadúnaithe dul i ngleic leis.

#### **Saincheist 14: Coinbhleacht leasa an Choiste Grinnfhiosrúcháin Ceadúnas Muirí (an CGCM)**

*Uimhreacha Aighneachta: 263, 292, 322, 330*

**Freagairt:** Comhlacht neamhrechtúil is ea an Coiste Grinnfhiosrúcháin Ceadúnas Muirí (an CGCM) ina bhfuil speisialtóirí teicniúla, eolaíochta agus innealtóireachta ó ranna éagsúla rialtais (agus a bhfuil sainchúram aige chun saineolas breise a chur san áireamh nuair mar is gá), agus déanann sé athbhreithniú neamhspleách ar an iarratas agus ar aon aighneachtaí agus déanann sé moladh don Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Mar gheall go bhfuil an t-iarratas seo ar léas urthrú FS006566 á dhéanamh ag Foras na Mara, ní bheidh comhaltaí Fhoras na Mara de chuid an CGCM bainteach i measúnú a dhéanamh ar an iarratas.

#### **Saincheist 15: Ábhar buartha is ea an easpa trédhearcachta**

*Uimhreacha Aighneachta: 80, 122, 226, 262, 287, 305, 330*

**Freagairt:** Ceanglaítear sa dlí go ndéanann gach iarratasóir ar léas urthrú iarratas ar Rannóg Pleanála Muirí agus Urthrú na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá deighilt shoiléir feidhmeanna ann idir Foras na Mara agus an t-údarás toilithe agus ní chreideann an Foras gurb ann do choimhlint.

## 4. Comhfhreagras

### **Saincheist 16: Comhfhreagras ríomhphoist**

*Uimhreacha Aighneachta: 45, 515, 516, 517, 518, 519, 520, 521, 522, 523, 524, 525, 526, 527, 528, 529, 530, 531, 532, 533, 534, 537, 538, 542, 547, 552, 554*

Ba chomhfhreagras ginearálta ríomhphoist idir baill den phobal agus den Aonad Ceadúnaithe Urthrá roinnt aighneachtaí a fuarthas a lorg faisnéis agus soiléiriú ar an bpróiseas léasaithe, iarrataí ar shintí le tréimhsí comhairliúcháin poiblí.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcomhfhreagras ríomhphoist seo agus sainithníodh na saincheisteanna a leanas laistigh; Cruinneas na Faisnéise, Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta, Measúnacht Tionchair Timpeallachta, Plean Forbartha na Gaillimhe, Ceangal leis an Eangach, Comhairliúchán Poiblí, Tionchar Amhairc, Fiadhúlra.

Téitear i ngleic leis na saincheisteanna sa chomhfhreagras ríomhphoist thuas sna míreanna ábhartha den cháipéis seo.

## 5. Saincheisteanna um Measúnacht Tionchair Comhshaoil

### **Saincheist 17: Tá an Tuarascáil Chomhshaoil bunaithe go príomha ar thoirníde gan taighde a dhéanamh ar na fíricí**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 104, 252, 265, 278, 285, 472*

**Freagairt:** Tá mír shonrach sa Tuarascáil Chomhshaoil ina liostaítear gach litríocht eolaíochta fhoilsithe a ndeachthas i gcomhairle leo. Rinneadh tagairt d'ochtú a ceathair foinse ar leith faisnéise a thagraíonn do thaighde áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta sonrach faoinar tugadh ar an tionchar comhshaoil sna limistéir faoi seach a bhreithnítear sa Tuarascáil Chomhshaoil.

### **Saincheist 18: Roinneadh an tionscadal i dtrí thionscadal níos lú chun an gá atá le Ráiteas Tionchair Timpeallachta a sheachaint**

*Uimhreacha Aighneachta: 61, 85, 107, 112, 114, 117, 124, 143, 144, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 189, 190, 191, 192, 196, 198, 199, 200, 201, 204, 207, 211, 212, 213, 214, 215, 216, 217, 224, 225, 226, 227, 252, 255, 262, 263, 267, 270, 271, 279, 281, 282, 283, 284, 289, 291, 292, 293, 303, 304, 306, 307, 308, 310, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 325, 330, 347, 349, 350, 351, 352, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 415, 416, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514*

**Freagairt:** Roinneadh an tionscadal i dtrí thionscadal níos lú chun an gá atá le Ráiteas Tionchair Timpeallachta a sheachaint. Bhí iarratas FS006611 ar léas urthrú a seoladh ar aghaidh in 2016 le haghaidh léas eatramhach bliana don láithreán tástála le hoibriú leanúnach an láithreáin tástála a chinntiú fad a bhí an t-iarratas reatha seo FS006566 ar léas urthrú (a seoladh ar aghaidh, chomh maith, in 2016) á mheasúnú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ).

Bhí ceadúnas FS005751 urthrú agus iarratas gaolmhar pleanála 13/947 ó Chomhairle Contae na Gaillimhe a seoladh ar aghaidh in 2013 le haghaidh Thionscadal Cábla Chuan na Gaillimhe, chun cábla teileachumarsáide a shuiteáil agus a oibriú ó mheánscoil sa Spidéal go dtí faireachlann Chuan na Gaillimhe, stáisiún taighde eolaíochta, atá comhlonnaithe ar an láithreán tástála.

### **Saincheist 19: Rinneadh tástáil neamhleor ar an bhforbairt bheartaithe**

*Uimhreacha Aighneachta: 144, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 160, 161, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 189, 190, 191, 192, 193, 198, 199, 200, 201, 204, 211, 212, 213, 214, 215, 216, 217, 224, 225, 262, 272, 275, 276, 287, 287, 289, 289, 289, 291, 292, 307, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 330, 330, 330, 335, 336, 337, 338, 339, 340, 341, 342, 343, 344, 345, 346, 347, 348, 349, 350, 351, 352, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 412, 413, 414, 415, 416, 420, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514*

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

**Freagairt:** Sheol Foras na Mara tuarascáil scagtha MTT ar aghaidh ina sonraítear torthaí ó anailís deisce ar an gcomhshaol glactha a bhféadfadh an fhorbairt bheartaithe tionchar a imirt air, agus rinneadh nósanna imeachta agus toradh an phróisis faoinar tugadh mar chuid den tástáil a dhoiciméadú inti. Rinne an t-údarás toilithe measúnú ar an tuarascáil tástála agus bhain sé an tatal as nach dteastódh MTT ón bhforbairt.

Foilseofar tuarascáil tástála Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta nuair a bheidh sí tugtha chun críche ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ) ar láithreán gréasáin na Roinne nuair a rinneadh cinntiúchán ar an iarratas.

### **Saincheist 20: Tionchar carnach nach n-áirítear sa tástáil RTT**

*Uimhreacha Aighneachta: 144, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 189, 190, 191, 192, 198, 199, 200, 201, 204, 213, 214, 215, 216, 217, 224, 225, 262, 347, 349, 350, 351, 352, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 415, 416, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514*

**Freagairt:** Cuireadh tionchar carnach san áireamh sa tuarascáil scagtha RTT i Mír 4.1.5.

### **Saincheist 21: Ní dhearnadh measúnú ar thionchar carnach na forbartha seo**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 82, 83, 85, 98, 117, 122, 124, 128, 196, 205, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 250, 251, 252, 257, 262, 265, 270, 271, 279, 281, 289, 291, 302, 307, 311, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 325, 330*

**Freagairt:** Rinneadh measúnú ar Thionchar Carnach agus Idirghníomhú idir tionchar na forbartha seo i Mír 15 den Tuarascáil Chomhshaoil.

### **Saincheist 22: Thug an t-iarratasóir, seachas údarás iniúil, faoi Mheasúnú Comhshaoil agus faoi scagadh**

*Uimhreacha Aighneachta: 10, 101, 194, 552*

**Freagairt:** Sheol Foras na Mara tuarascáil scagtha MTT ar aghaidh ina sonraítear torthaí ó anailís deisce ar an gcomhshaol glactha a bhféadfadh an fhorbairt bheartaithe tionchar a imirt air, agus rinneadh nósanna imeachta agus toradh an phróisis faoinar tugadh mar chuid den scagadh a dhoiciméadú inti. Dheimhníodh sa tuarascáil scagtha seo tionchar dóchúil na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaol. Rinne an t-údarás toilithe measúnú ar an tuarascáil scagtha agus bhain sé an tatal as nach dteastódh MTT ón bhforbairt. Féadfaidh an t-iarratasóir tionscadal a thástáil iad féin nó dul i gcomhairle leis an údarás iniúil chun aon éiginnteacht a bhaint.

### **Saincheist 23: Sáraíonn an t-iarratas an dlí Comhshaoil agus dlí an AE**

*Uimhreacha Aighneachta: 83, 84, 87, 124, 255, 552, 552*

**Freagairt:** Deimhneoidh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ), mar an t-údarás iniúil, comhlíonadh an iarratais i dtaobh an dlí comhshaoil agus dhlí an AE.

### **Saincheist 24: Thit measúnú comhshaoil amach faoin reachtaíocht mhícheart**

*Uimhreacha Aighneachta: 10, 114, 194, 278, 552*

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

**Freagairt:** Deimhneoidh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ), mar an t-údarás inniúil, comhlíonadh an iarratais.

### **Saincheist 25: Teip ar chásdlí Eorpach a chomhlíonadh maidir le caidreamh cuí cisealaithe idir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) le haghaidh pleananna agus clár agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) do thionscadail**

*Uimhreacha Aighneachta: 10, 194, 302, 311*

**Freagairt:** Deimhneoidh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ), mar an t-údarás inniúil, comhlíonadh an iarratais.

### **Saincheist 26: Teastaíonn MTC/MST**

*Uimhreacha Aighneachta: 50, 66, 67, 68, 70, 79, 81, 87, 89, 98, 102, 108, 111, 112, 113, 114, 115, 117, 118, 120, 121, 122, 123, 124, 137, 144, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 159, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 189, 190, 191, 192, 197, 198, 199, 200, 201, 203, 204, 207, 209, 211, 212, 213, 214, 215, 216, 217, 222, 223, 224, 225, 226, 229, 233, 244, 245, 250, 252, 255, 258, 259, 260, 261, 268, 269, 272, 275, 276, 277, 278, 280, 286, 287, 292, 293, 296, 298, 300, 301, 303, 303, 304, 306, 308, 309, 310, 311, 314, 324, 330, 330, 347, 349, 350, 351, 352, 353, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 415, 416, 417, 418, 419, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 472, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514, 516*

**Freagairt:** Sheol Foras na Mara tuarascáil scagtha MTT ar aghaidh ina sonraítear torthaí ó anailís deisce ar an gcomhshaol glactha a bhféadfadh an fhorbairt bheartaithe tionchar a imirt air, agus rinneadh nósanna imeachta agus toradh an phróisis faoinar tugadh mar chuid den tástáil a dhoiciméadú inti. Rinne an t-údarás toilithe measúnú ar an tuarascáil scagtha agus bhain sé an tátal as nach dteastódh MTT ón bhforbairt.

Foilseofar scagadh na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus scagadh na Tástála i leith Measúnú Oiriúnachta nuair a bheidh sí tugtha chun críche ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ) ar láithreán gréasáin na Roinne nuair a rinneadh cinntiúchán ar an iarratas.

### **Saincheist 27: Faisnéis neamhleor maidir leis an tionchar ar an gcomhshaol**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 115, 122, 143, 255, 296, 300, 307, 312, 315, 317, 319, 320, 333*

**Freagairt:** Tá mír shonrach sa Tuarascáil Chomhshaoil ina liostaítear gach litríocht eolaíochta fhoilsithe a ndeachthas i gcomhairle leo. Rinneadh tagairt d'ochtú a ceathair foinse ar leith faisnéise a thagraíonn do thaighde áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta sonrach faoinar tugadh ar an tionchar comhshaoil sna limistéir faoi seach a bhreithnítear sa Tuarascáil Chomhshaoil.

### **Saincheist 28: Níl an Measúnú Comhshaoil dóthanach chun an limistéar iomlán a n- imríonn an fhorbairt tionchar air a chumhdach**

*Uimhreacha Aighneachta: 61, 65, 82, 84, 85, 85, 85, 87, 289, 307*



**Freagairt:** Deimhneoidh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ), mar an t-údarás inniúil, leordhóthacht an mheasúnaithe comhshaoil faoinar tugadh.

**Saincheist 29: Ní dhearnadh measúnú ar thionchar comhshaoil oibríochtaí roimhe seo agus oibríochtaí reatha ag an láithreán**

*Uimhreacha Aighneachta: 101, 103*

**Freagairt:** Ullmhaíodh an Tuarascáil Chomhshaoil chun anailís a sholáthar ar thionchar dóchúil (dea-thionchar agus drochthionchar), na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaoil, an flóra, an fána, an t-uisce, an tírdhreach agus oidhreacht chultúrtha ina measc. Déantar cur síos ar na coinníollacha bonnlíne comhshaoil i ngach ceann de na caibidlí faoi seach sa Tuarascáil Chomhshaoil agus cuireann siad torthaí i láthair ó staidéir éagsúla faoinar tugadh i gcaitheamh oibriú an láithreáin tástála le deich mbliana anuas a léiríonn gur imir na hoibríochtaí roimhe seo agus go n-imríonn na hoibríochtaí reatha tionchar fíor-bheag.

**Saincheist 30: Ní féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil a imreoidh teicneolaíochtaí amach anseo nach eol iad**

*Uimhreacha Aighneachta: 87, 101, 112, 115, 117, 143, 268, 277, 289, 303, 307, 312, 315, 316, 317, 318, 319, 320, 330*

**Freagairt:** Rinneadh measúnú ar an tionchar comhshaoil a imreoidh teicneolaíochtaí amach anseo nach eol iad. Sonraítear an bealach ina measúnaíodh iad i Mír 2.6 den Tuarascáil Chomhshaoil:

*“...(rinneadh) measúnú ar na tionchair chomhshaoil éagsúla i gcomhair na gcásanna is measa díobh, de réir mar ba infheidhmithe, bunaithe ar theicneolaíochtaí na ngaireas reatha, d’fhonn chun tairseacha tionchair a bhunú do na gabhdóirí comhshaoil éagsúla agus chun clúdach de thionchair chomhshaoil féideartha a sholáthar.*

*Glacadh leis sa mheasúnú ar an gcás is measa do gach gabhdóir comhshaoil go raibh gach bonneagar buan imlonnaithe ag an láithreán, go raibh gach bonneagar gearrthéarmach athfhillteach imlonnaithe ag an láithreán, agus go raibh na trí bheart tástála gairis áitithe ag na gairis úd óna mbeifí ag dúil leis an tionchar ba mhó ar an ngabhdóir i gceist. Mionsonraítear na comhchodanna éagsúla a rannchuirfeadh leis na cásanna ba mheasa i leith gach gabhdóir i gCaibidil 4.7: Na Cásanna is Measa don Mheasúnacht Tionchair*

*Baineadh leas as modheolaíochtaí iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhainfeadh le gach ceann de na hábhair chomhshaoil a ndearnadh fiosrú orthu chuid den tuarascáil. Tá na modheolaíochtaí úd bunaithe ar an deachleachtas aitheanta agus ar threoirilínte sonracha do gach limistéar ábhair, a dtugtar mionsonraí dóibh laistigh de gach cuid theicniúil aonair.”*

**Saincheist 31: Níor soláthraíodh aon fhaisnéis faoi chomhairliúcháin le comhlachtaí seachtracha, e.g. Eagraíocht Neamhrialtasach Neamhspleách Comhshaoil**

*Uimhreacha Aighneachta: 198, 199, 200, 201, 204, 213, 214, 215, 216, 217, 224, 225, 280, 347, 349, 350, 351, 352, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 415, 416, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450,*

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514

**Freagairt:** Tá na comhlachtaí seachtracha a ndeachthas i gcomhairle leo maidir le hlarratas FS006566 ar Léas Urthrá Fhoras na Mara, anuas ar a bhreathnóireacht agus freagairtí Fhoras na Mara ar an mbreathnóireacht sin go léir ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil<sup>4</sup>.

### **Saincheist 32: Ní dheachthas i ngleic go dóthanach sa tuarascáil scagtha le truailliú solais**

*Uimhreacha Aighneachta: 196, 205, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 251, 257, 270, 271, 279, 281, 291*

**Freagairt:** Ní dhéanfaidh truailliú solais ón láithreán tástála ach truailliú fíor-bheag. Tá na ceithre mharc príomhairde agus a soilse loingseoireachta ann ó bunaíodh an láithreán i dtosach báire in 2006. Is é an t-aon fhoinsé bhreise solais ag an láithreán tástála a bheadh i gceist ná solas eitlíochta ar aon tuirbín gaoithe ar snámh a d'implonófaí. Luaitear i Mír 13.9 den Tuarascáil Chomhshaoil:

*“Táthar ag pleanáil gurb iad na soilse marcála a sheasann do láithreach an láithreáin tástála agus iadsan amháin a bheidh sna marcanna príomhairde le ceadú reachtúil. Ní bheidh aon soilse marcála ar aon ghaires a imlonnaítear sa láithreán, seachas aon tuirbín gaoithe ar snámh a chaitheann comhlíonadh leis an soilsiú eitlíochta arna shonrú ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.”*

### **Saincheist 33: Ba cheart an Treoir maidir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a chur i bhfeidhm ar an bhforbairt seo**

*Uimhreacha Aighneachta: 262, 287, 311, 325*

**Freagairt:** Forbairt atá i gceist le Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe, ar an ábhar sin, ní bhaineann an Treoir MST. Is é Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) an próiseas inar gá breithniúcháin chomhshaoil a chomhtháthú go hiomlán isteach in ullmhú pleananna agus clár agus sula nglactar leo ar deireadh. Is é Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) an próiseas ina dtomhaistear an tionchar ionchasach ar an gcomhshaoil a imreoidh forbairt nó tionscadal a bheartaítear agus cuireadh an próiseas seo i bhfeidhm i gceart ar an bhforbairt seo.

### **Saincheist 34: Ní dhearnadh breithniú ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna)**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 64, 65, 83, 84, 87, 107, 112, 114, 117, 121, 124, 131, 132, 133, 143, 185, 186, 187, 188, 262, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 321*

**Freagairt:** Áirítear leis an tuairisciú Scagadh Thástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 1 faoinar thug AquaFact International Services thar ceann Fhoras na Mara, agus a cuireadh san áireamh mar Aguisín 6 leis an Tuarascáil Chomhshaoil, limistéar faoi chaomhnú speisialta ábhartha, faisnéis a chur le chéile ar a leasanna cáilitheacha agus cuspoirí caomhnaithe; measúnú ar an tionchar dóchúil – díreach, indíreach, carnach – faoinar tugadh

<sup>4</sup> <http://www.housing.gov.ie/planning/foreshore/applications/marine-institute-spiddal>  
Rochtain deiridh 17:06 an 3 Samhain 2016

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil (staidéar deisce, suirbhé allamuigh agus/nó taighde príomhúil) i gcomhréir le Treoirínte maidir le Ráiteas Tionchair Natura Muirí<sup>5</sup>.

---

<sup>5</sup> An REOG. 2012. Marine Natura Impact Statements in Irish Special Areas of Conservation – A Working Document. Aibreán 2012. Ullmhaithe ag an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid an REOG.

## 6. Saincheist Phlean Forbartha na Gaillimhe

### **Saincheist 35: Tá an láithreán in aghaidh forbartha a cheadaítear i bPlean Forbartha**

#### **Contae na Gaillimhe**

*Uimhreacha Aighneachta: 8, 16, 21, 50, 58, 59, 62, 64, 65, 79, 87, 108, 112, 114, 117, 121, 122, 124, 137, 143, 185, 186, 187, 188, 206, 289, 307, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 328, 329, 552*

**Freagairt:** Pléadh i Mír 2.5.6 den Tuarascáil Chomhshaoil Plean Forbartha na Gaillimhe faoi bheartais a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite muirí agus an láithreán tástála a fhorbairt agus luadh an méid a leanas:

*“Tugadh spreagadh don fhuinneamh in-athnuaite mara i nDréachtphlean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015-2020. Is ann a fhaightear tagairt shonrach don fhuinneamh tonnta, taoide agus gaoithe amach ón gcósta, agus is ann a aithnítear gur bunchuid ríthábhachtach iad na hacmhainní nádúrtha de bhonn acmhainní an chontae, agus nár forbraíodh iad chun a lánchumais.*

*Tugtar aghaidh go sonrach ar fhorbairt acmhainní in-athnuaite mar chuid dá straitéis fhoriomlán d’fhorbairtí iompair agus bonneagair, mar a mbíonn an aidhm leis chun forbairt acmhainní fuinnimh in-athnuaite iomchuí a bharrfheabhsú, trína mbaintear leas as acmhainní nádúrtha an limistéir i gceist ar bhealach atá inghlactha agus inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil de.*

*Aithnítear sa phlean freisin an tábhacht a bhaineann leis an ‘Tionscadal SmartBay’ (lena n-áirítear faire mara, córais bhainistíochta ardteicneolaíochta braiteora agus sonraí, tionscadail chumarsáide agus Taighde & Forbairt) agus tairgtear deiseanna suntasacha ann do chuideachtaí móra ilnáisiúnta agus d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide de bhunadh na hÉireann”.*

Go sonrach, tugtar cuntas ar roinnt beartais sa Phlean Forbartha Contae<sup>6</sup> a thacaíonn le hacmhainní inbhuanaithe in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt, ina measc:

#### **Beartais ER2 – Fuinneamh In-Athnuaite a Fhorbairt**

Tacóidh an Chomhairle le tograí le haghaidh forbairtí fuinnimh in-athnuaite ar scálaí cuí (ina measc, fuinneamh aigéin/tonnfhuinnimh agus teicneolaíochtaí taoide agus saoráidí coimhdeacha, lena n-áirítear ceangal gaolmhar leis an eangach) ag láithreacha cuí laistigh den Chontae agus aird ar fhóntais chónaithe, an bhithéagsúlacht, agus íogaireacht tírdhreacha, sa chás go gcomhlíonann na tograí siúd Plean Forbartha Contae 2015-2021 agus prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe. Sa chás gur féidir, forbróidh an Chomhairle a tionscadail féin mhicrighiniúna chun a riachtanais féin fuinnimh a éascú.

6

<http://www.galway.ie/en/services/planning/developmentplansandpolicy/galwaycountydevelopmentplan2015-2021/#>

Rochtain deiridh an 11 Samhain 2016 ag 17:35

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

### Cuspóir ER1 – Bonneagar Leictreachais agus Fuinnimh In-Athnuaite

Tacú le forbairt agus le fairsingiú an bhonneagair chun leictreachas, fuinneamh in-athnuaite agus tograí fuinnimh in-athnuaite eile a ghiniúint, a stóráil, a tharchur agus a dháileadh i láithreacha oiriúnacha i gContae na Gaillimhe.

### Cuspóir ER 4 – Fuinneamh In-Athnuaite

a) Forbairt inbhuanaithe agus úsáid a bhaint as acmhainní cuí fuinnimh in-athnuaite agus an bonneagar gaolmhar laistigh den Chontae a éascú agus tacú leo, an méid seo a leanas san áireamh;

- Fuinneamh Gaoithe;
- Tonnfhuinneamh/Fuinneamh Taoide;
- Hidreachumhacht;
- Fuinneamh Gréine;
- Bithfhuinneamh;
- Geoiteirmeach;
- Cumhacht is Teas in Éineacht (CHP);
- Dáileadh Fuinneamh Teasa (ar nós Córais Téimh/Fuaraithe Ceantair); agus
- Foinsí fuinnimh in-athnuaite eile, faoi mar is cuí, agus ar aon dul le treoirlínte náisiúnta d'fhorbairt inbhuanaithe.

b) Cuirfidh an Chomhairle tús le Straitéis Fuinnimh In-Athnuaite Contae laistigh de shaolré an phlean de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Cuirfidh an cháipéis seo roghanna micrighiniúna i gcuntas, chomh maith, agus aithneofar nach mbíonn ach tionscadail bhonneagracha mhórsála i gceist le tionscadail fuinnimh in-athnuaite.

## 7. Saincheistanna maidir le Ceangal leis an Eangach

### **Saincheist 36: An bhfuil eangach an láithreáin ceangailte?? Tá, dar leis an Aire, ach níl, dar le Foras na Mara.**

*Uimhreacha Aighneachta: 50, 54, 57, 87, 112, 114, 117, 122, 262, 273, 274, 289, 307, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 325*

**Freagairt:** Tá Faireachlann Fomhuirí Chuan na Gaillimhe lonnaithe laistigh den láithreán tástála agus soláthraítear cumhacht leictreach dó tríd an gcábla fomhuirí chun cumhacht a sholáthar do ghléasanna eolaíochtaí ar an bhFaireachlann. Ní bheidh aon acmhainn ann chun cumhacht a easpórtáil go dtí an eangach ó aon ghléas fuinneamh toinne, taoide nó gaoithe ar snámh a d'fhéadfaí a imlonnú ag an láithreán tástála, sa chás go ndéantar an t-iarratas ar léas urthrú a dheonú.

### **Saincheist 37: Luadh roimhe seo i dtionscadal an chábla, chomh maith, gurbh iarratas le ceangal leis an eangach a bheadh ann**

*Uimhreacha Aighneachta: 122, 289, 307, 312, 314, 315, 316, 317, 319, 320*

**Freagairt:** Mar chuid den phleanála cúlra do Thionscadal Cábla Chuan na Gaillimhe, cuireadh pleananna agus tuarascálacha achomair forbartha don tionscadal le chéile. Áiríodh leis na tuarascálacha measúnú ar na roghanna féideartha chun cábla(í) a shuiteáil agus rinneadh breithniú ar shaghsanna agus dearaí éagsúla cábla, agus ar láithreacha chun teacht i dtír ar an gcladach. Cuireadh sé rogha, ar an iomlán, i láthair – trí cinn do gach ceann den dá láthair um theacht i dtír a sainathníodh, an fhéidearthacht san áireamh chun an tsaoráid a bhunú mar láthair easpórtála fuinnimh atá ceangailte leis an eangach d'fhorbróirí tiontaire tonnfhuinimh (WEC).

Sa mhullach ar sholáthar féideartha saoráid tástála atá ceangailte leis an eangach, beartaíodh sna pleananna agus sna tuarascálacha forbartha chun saoráid soláthair cumhachta agus tarchuir sonraí (cábla snáthoptaice) a sholáthar do Thionscadal Cuan Cliste Fhoras na Mara ina mbaineann cábla fomhuirí, a chorpraíonn soláthar snáthoptaice agus leictreachais, a ghabhann ó láthair i ngar don láithreán tástála toinne go dtí an láthair chéanna le cábla an láithreáin tástála.

Ar deireadh, cruthaíodh nach raibh aon chinn de na roghanna um cheangal leis an eangach indéanta agus níor seoladh iarratas FS005751 ar cheadúnas urthrú Thionscadal Cábla Chuan na Gaillimhe ach do shaoráid soláthair cumhachta agus tarchuir sonraí (cábla snáthoptaice) do Thionscadal Cuan Cliste Fhoras na Mara.

### **Saincheist 38: Ceadaíodh struchtúr giniúna cumhachta ar féidir é a cheangal leis an eangach náisiúnta**

*Uimhreacha Aighneachta: 263, 292*

**Freagairt:** Is é an struchtúr giniúna cumhachta dá dtagraítear Ardán an Stáisiúin Mhara ('SeaStation'), agus is ardán ar snámh é a bheartaítear a imlonnú ag an láithreán tástála. Ní bheadh ardán táirgthe cumhachta i gceist leis an Stáisiún Mara a bheadh ceangailte leis an

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

eangach náisiúnta. Mar gheall nach mbeidh aon acmhainn ann chun cumhacht a easpórtáil go dtí an eangach náisiúnta ó aon ghléas fuinneamh toinne, taoide nó gaoithe ar snámh a d'fhéadfaí a imlonnú ag an láithreán tástála, tá Ardán an Stáisiúin Mhara in ainm is a) aon leictreachas a ghineann gléasanna tástála a stóráil agus úsáid a bhaint as an gcumhacht seo chun cumhacht a sholáthar do bhrathadóirí comhshaoil agus trealamh monatóireachta eile, agus b) aon chumhacht bhreise a ghineann gléasanna tástála a scaipeadh.

## 8. Saincheist Bhuairt Sláinte

### **Saincheist 39: Ní dhearnadh aon mheasúnú ar an tionchar a imreoidh solas agus torann ar shláinte agus sábháilteacht phoiblí**

*Uimhreacha Aighneachta: 37, 57, 90, 115, 196, 205, 207, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 237, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 251, 257, 265, 270, 271, 277, 279, 281, 286, 287, 289, 300, 303, 324, 328, 329*

**Freagairt:** Ní dhearnadh measúnú ar an tionchar a imríonn soirsiú ar an láithreán tástála sa Tuarascáil Chomhshaoil mar gheall nach dteastóidh aon soirsiú breise ar an láithreán tástála de bhreis ar an soirsiú sin a bhí i bhfeidhm le 10 mbliana anuas, seachas solas eitlíochta ar aon tuirbín gaoithe ar snámh a d'fhéadfaí a imlonnú ag an láithreán.

Luaitear i Mír 13.9 den Tuarascáil Chomhshaoil:

*“Táthar ag pleanáil gurb iad na soilse marcála a sheasann do láithreach an láithreáin tástála agus iadsan amháin a bheidh sna marcanna príomhairde le ceadú reachtúil. Ní bheidh aon soilse marcála ar aon ghaires a imlonnaítear sa láithreán, seachas aon tuirbín gaoithe ar snámh a chaitheann comhlíonadh leis an soirsiú eitlíochta arna shonrú ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.”*

Mar gheall nach mó an torann oibríochtúil a bhfuil súil leis ag an láithreán tástála ná torann comhthimpeallach a chloistear go tipiciúil i dtimpeallacht chósta, níor tugadh faoin mheasúnú ar thorann.

Luaitear an méid a leanas san fhoirm iarratais ar léas i míreanna 33-36;

*“Is gnách gurb ionann na leibhéil uasta torainn a chruthaíonn feirmeacha gaoithe tráchtála lánscála agus ~100dB(A). Meastar gurb ionann a bheidh an torann oibríochtúil ag an láithreán tástála agus ~50dB(A).*

*Bheadh súil leis go gcruthófaí leibhéil de thorann comhthimpeallach cúlra i dtimpeallacht mhuirí chósta 30-50dB(A) ag an láithreán tástála.*

*Bheadh súil leis go mbeadh leibhéil de thorann comhthimpeallach cúlra i dtimpeallacht mhuirí chósta 30-50dB(A) i gceist ag pointe an áitribh chónaithe is gaire.*

*Tá an t-áitreabh chónaithe is gaire lonnaithe an-ghar don imeallbhord agus thart ar 1.5km ó theorainn an láithreáin tástála. Meastar gurb ionann a bheidh na leibhéil uasta torainn a bhfuil súil leo ag an láithair seo agus leibhéil a bheidh laistigh de réimse an torainn chomhthimpeallaigh chúlra idir 30-50dB(A) i dtimpeallacht mhuirí chósta.”*



## 9. Saincheisteanna léasa

### **Saincheist 40: Tá léas 35 bliain ró-fhada**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 4, 8, 9, 70, 80, 89, 102, 104, 105, 106, 107, 109, 111, 115, 117, 124, 137, 159, 203, 207, 209, 218, 219, 229, 231, 233, 244, 245, 250, 258, 259, 266, 268, 269, 272, 275, 276, 277, 280, 285, 286, 290, 293, 294, 300, 301, 303, 304, 306, 328, 329, 334, 335, 336, 337, 338, 339, 340, 341, 342, 343, 344, 345, 346, 347, 348, 349, 350, 351, 352, 353, 354, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 412, 413, 414, 415, 416, 420, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 472, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514*

**Freagairt:** Cé gur ceist atá i dtéarma aon léasa is féidir a eisiúint a bhfuil ar an tAire cinntiúchán a dhéanamh uirthi, rinneadh an t-iarratas ar léas 35 bliain ar an láithreán tástála ar cheathrú scála lena chinntiú go bhfuil saolré oibríochtúil na saoráidí tástála náisiúnta fuinneamh aigéin go léir comhsheasmhach. Cuid lárnach é an láithreán tástála de Straitéis Fuinneamh Aigéin na hÉireann agus tá sé á fhorbairt i gcomhréir leis an bPlean Forbartha um Fuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta<sup>7</sup> (OREDP); osclaíodh foirgneamh Shaoráid Tástála Náisiúnta Aigéin Lir i gCorcaigh anuraidh agus soláthraíonn sí tástáil idir beagscála agus meánscála saotharlainne ar chórais aigéin agus mhuirí. Deonaíodh léas urthrá 35 bliain in 2015 do Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh (AMETS) i mBéal an Mhuirthead chun tástáil a éascú ar thiontairí tonnfhuinimh lánsála i dtimpeallacht aigéin oscailte. Tá ar sholáthar an láithreáin tástála ceann amháin de na príomhthionscnaimh a chomhlíonadh a leagtar amach sa Plean Forbartha um Fuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta agus in Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin. Cabhróidh sé le buntacú le cuspóir luaithe an Rialtais chun 50GW d'fhuinneamh a tháirgeadh ó fhuinneamh aigéin faoin mbliain 2050, tréimhse 35 bliain i ndiaidh 2015.

### **Saincheist 41: Cuirfidh léas fada le mí-úsáid agus failí forbartha a mhéadú**

*Uimhreacha Aighneachta: 14, 86, 144, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 189, 190, 191, 192, 198, 199, 200, 201, 204, 213, 214, 215, 216, 217, 224, 225, 226, 297*

**Freagairt:** D'fhéadfaí déileáil leis an ábhar buartha seo trí choinníoll sonracha a chur san áireamh in aon léas a fhéadtar a eisiúint. D'fhéadfadh a leithéid de choinníoll teorainn a leagan ar an tástáil a dhéantar ar theicneolaíochtaí, seachas iad siúd a ndéantar cur síos orthu i gCaibidil 4 den Tuarascáil Chomhshaoil a ghabhann leis an iarratas ar léas urthrá.

### **Saincheist 42: Tá an chuma air go bhfuil léasanna eile a deonaíodh níos giorra**

*Uimhreacha Aighneachta: 98*

**Freagairt:** Faoi mar a leagtar amach in Alt 2(1) den Acht Imeachtála, 1933 (arna leasú), is é téarma uasta léas urthrá 99 bliain. Tuigtear dúinn, áfach, go meastar go bhfuil téarma 35 bliain níos oiriúnaí agus cuireadh i bhfeidhm an téarma seo i gcás forbairtí urthrá eile, e.g. chuir an SEAI an téarma seo i bhfeidhm do Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh

<sup>7</sup> <http://www.dccae.gov.ie/energy/en-ie/Renewable-Energy/Pages/OREDP-Landing-Page.aspx>  
Rochtain deiridh an 10 Samhain 2016 ag 15:55

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

(AMETS) ag Béal an Mhuirthead (Tagairt FS005726), chuir Monkstown Bay Marina Company Ltd an téarma seo i bhfeidhm chun síneadh a chur le forbairt reatha muiríne ag Baile an Mhanaigh i gCalafort Chorcaí (Tagairt FS005826), cuireadh an téarma seo i bhfeidhm le haghaidh Sruth Éalaithe Uisce Éireann ó Ionad Cóireála Fuíolluisce Charraig Thuathail (Tagairt FS006120).

### **Saincheist 43: Is deacair measúnú a dhéanamh ar dhíobháil chomhshaoil mar gheall ar fhad an léasa**

*Uimhreacha Aighneachta: 103*

**Freagairt:** Beidh monatóireacht comhshaoil i measc na gcoinníollacha léasa a d’ordaigh an tÚdarás Reachtúil. Forbróidh Foras na Mara Plean Monatóireachta Comhshaoil (PMC) ar mhaithe leis an timpeallacht a chosaint. Dhéanfaidh an PMC cur síos mionsonraithe ar na modheolaíochtaí beartaithe suiteála, tionchar féideartha agus maolú agus bearta rialaithe gaolmhara. Chuirfeadh an PMC, chomh maith leis sin, le bearta a bheartaítear chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar, chun freagairt do thionchar agus chun aon tionchar a bhíonn i gceist a réiteach nó a mhaolú. Cinnteofar, trí chomhairliúchán dlúth a dhéanamh leis na comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla, go gcuirtear PMC cúí i bhfeidhm.

### **Saincheist 44: Cén cosaintí atá i bhfeidhm chun srian a chur ar mhionathruithe a dhéanamh ar úsáid i rith an léasa 35 bliain?**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 1, 8, 107, 115, 121, 237, 255, 263, 292, 297, 297, 298*

**Freagairt:** Cosúil le Saincheist 41 thuas, d’fhéadfaí déileáil leis an mbuairt seo trí choinníoll sonrath in aon léas a d’fhéadfaí a eisiúint. D’fhéadfaidh a leithéid de choinníoll teorainn a leagan ar aon úsáid eile a bhaint as an láithreán seachas tiontairí fréamhshamhla fuinnimh aigéin agus teicneolaíochtaí gaolmhara muirí a thástáil agus a thaispeáint, a gcuirtear sonraí ar fáil fúthu i gCaibidil 4 den Tuarascáil Chomhshaoil a ghabhann leis an iarratas ar léas urthrá.

## 10. Saincheisteanna maidir leis an láthair

### **Saincheist 45: Tá an láthair ró-ghar don chladach**

*Uimhreacha Aighneachta: 66, 70, 73, 74, 75, 76, 77, 89, 94, 96, 97, 99, 100, 102, 107, 111, 128, 255, 263, 289, 292, 302, 322, 330*

**Freagairt:** Beartaítear go mbeidh Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe lonnaithe ag an láithreán tástála reatha tonnfhuinimh atá ar cheathrú scála atá suite ar an taobh ó thuaidh de Chuan na Gaillimhe ó 2006 ar aghaidh. Tá an láithreán tástála lonnaithe 2.4km soir ó dheas ó shráidbhaile an Spidéil agus 1.2km ón bpointe is gaire leis an gcladach.

### **Saincheist 46: Ní cheadaítear aon fheirmeacha gaoithe laistigh de 5km den chladach**

*Uimhreacha Aighneachta: 69, 87, 105, 112, 113, 114, 115, 117, 124, 289, 307, 312, 315, 316, 317, 319, 320*

**Freagairt:** Luaitear in “Stáisiúin Ghiniúna Amach ón gCósta – Nótaí d’fhorbróirí a bheartaíonn forbairt a dhéanamh” (“Offshore Generating Stations – Notes for intending developers”<sup>8</sup>) nach gceadófar, mar riail ghinearálta, stáisiúin ghiniúna amach ón gcósta laistigh de 5km den chladach ach féadfaidh iarratasóirí cás a dhéanamh chun amhlaidh a dhéanamh má mheasann siad nach gcuirfidh an tógáil bheartaithe isteach go míchuí ar chonláiste amhairc an cheantair atá i gceist (an tírdhreach agus an muirdhreach araon).

Tá an cháipéis thuas in ainm is tagairt a dhéanamh d’iarratais ar cheadúnais agus léasanna urthrú maidir le stáisiúin ghiniúna tráchtála amháin. Sa chás go mbeartaíonn iarratasóir chun teicneolaíocht nua a thástáil ar bhonn taispeána nó píolótach, nó chun tabhairt faoi thástálacha eile a d’fhéadfadh baint le teicneolaíocht nua a fhorbairt, féadfaidh socrúithe ar leithligh iarratas a dhéanamh faoi réir go mbíonn an tAire sásta gur soiléir gur tionscadal taispeána atá ann, faoi mar atá i gceist le Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe a bheartaítear.

### **Saincheist 47: An ndearnadh breithniú ar láithreáin eile?**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 9, 95, 255, 263, 267, 285, 292, 300, 302, 303, 307, 308, 310, 311, 312, 314, 315, 316, 317, 319, 320, 321, 330, 472*

**Freagairt:** Pléadh an tsaincheist a bhaineann le breithniú a dhéanamh ar láithreacha láithreáin eile don láithreán tástála a bheartaítear i Mír 3.3.2 den Tuarascáil Chomhshaoil, áit a luaitear:

*“Leagtar amach thíos na príomhghnéithe ar ar roghnaíodh láithreán Chuan na Gaillimhe thiar sa bhliain 2006:*

- *Ba chóir go mbeadh an láithreán suite i gcuán a léirítear ¼ den acmhainn tonnta san aigéan mór amach ó chósta thiar na hÉireann agus laistigh den teorainn 12 mhuirmhíle;*

<sup>8</sup> <http://www.sei.ie/uploadedfiles/RenewableEnergy/policydocument.pdf>  
Rochtain deiridh an 11 Samhain 2016 ag 16:55 uair

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

- *Ba cheart go mbeadh an tacaíocht phraiticiúil ar fáil go háitiúil;*
- *Tionchar íosta ar an gcomshaol agus ar na geallsealbhóirí;*
- *Grinneall farraige neamhcharraigeach chun éascú don chábláil agus don ancaireacht.*

*Níor breithníodh aon ionad malartach do Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaithe Chuan na Gaillimhe. Is iad na cúiseanna dó sin ná:*

- *Táthar tar éis bheith ag oibriú an láithreáin tástála go rathúil ag an ionad sin le 10 mbliana anuas, agus is fánach an tionchar a bhí aige ar an gcomshaol.*
- *Aithnítear Cuan na Gaillimhe agus SmartBay (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) mar shaoráid fhorásach dhomhanda um thástáil mara i gcomair forbairt táirgí agus seirbhísí nuálaíocha don earnáil mhuirí dhomhanda.*
- *Léirítear i dtaighde a rinneadh in UCC go bhfeictear san acmhainn tonnta ag an láithreán tástála ¼ na hacmhainne atá ar fáil san Atlantach mór; ar rífheiliúnach é do thástáil na bhfréamhshamhlacha TFT ag TRL 4-6.*
- *Is ríthábhachtach í infhaighteacht tacair shonraí amsraitheanna fadtéarmacha ón láithreán don taighde fuinnimh thonnta. Is sa tacar sonraí freisin a fhoráiltear do mheasúnú ama a dhéanamh ar cháilíocht comhshaoil agus ar thionchair an athraithe aeráide. Tá se tábhachtach go gcothabhálfai an méid sin.*
- *Infhaighteacht réimse seirbhísí tacaíochta agus mara le seantaithí acu i ngaireacht don láithreán.”*

Baintear i Mír 3.3 den Tuarascáil Chomhshaoil an tátal a leanas:

*“Cé go moltar i dTreoirínite na GCC go mbreithnítear malairtí don rogha forbartha, is é an chaoi ar bunaíodh láithreán tástála fuinnimh tonnta ar ¼ scála Chuan na Gaillimhe ag an ionad reatha le deich mbliana anuas, agus gur cuid inghlactha de mhuidhreach Chuan Gaillimhe é, agus gur fánach an tionchar a bhí aige ar an gcomshaol mara ó cuireadh tús leis. Ar an ábhar sin, ní dhearnadh breithniú ar aon láithreacha eile.”*

### **Saincheist 48: Láthair neamhoiriúnach**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 8, 38, 50, 52, 54, 57, 58, 59, 61, 62, 63, 64, 65, 68, 70, 72, 73, 82, 84, 89, 108, 110, 130, 143, 159, 185, 186, 187, 188, 255, 263, 272, 275, 276, 277, 334*

**Freagairt:** Tá an tsaincheist seo cosúil le saincheist 47 agus chuathas i ngleic leis sa chomhthéacs sin.

### **Saincheist 49: Cuid de láithreán Geo-Pháirc Bhoirne / UNESCO**

*Uimhreacha Aighneachta: 16, 21, 115, 117, 122, 124, 289*

**Freagairt:** Tá Geo-Pháirc UNESCO Bhoirne lonnaithe 8km ón bhforbairt a bheartaítear ag an bpointe is gaire agus is dóchúil nach mbeidh comhchodanna den fhorbairt a bheartaítear infheicthe, ach chomh beag, agus is fíor-mhídhóchúil go mbeidh siad ina n-údar le haon tionchar a imirt mar gheall go bhfuil siad suite chomh fada sin amach ón láithreán.

### **Saincheist 50: Níl an láithreán oiriúnach chun tástáil a dhéanamh ar thonnfhuinneamh mar gheall go bhfuil an limistéar teoranta i dtaobh tonnta**

*Uimhreacha Aighneachta: 86, 330, 159*

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

**Freagairt:** Bheadh Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe a bheartaítear lonnaithe ar an láithreán reatha tástála fuinneamh aigéin ar ¼ scála atá suite ar an taobh ó thuaidh de Chuan na Gaillimhe. Ba iad na príomhghnéithe ar ar roghnaíodh láithreán Chuan na Gaillimhe i dtosach báire in 2006 gur cheart dó a bheith lonnaithe i gcuan a léiríonn an ceathrú cuid den acmhainn toinne san aigéan fairsing in iarthar na hÉireann agus thaispeáin taighde faoinar thug Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (a chuirtear san áireamh mar Aguisín 11 den Tuarascáil Chomhshaoil) gurb ionann an acmhainn toinne ag an láithreán tástála agus an ceathrú cuid den acmhainn sin a dtagtar uirthi ar an Atlantach fairsing;

Baineann ríthábhacht le teicneolaíocht tiontaire fuinneamh aigéin a chruthú i dtimpeallacht neamhurchóideach ar nós Chuan na Gaillimhe maidir le forbairt an tionscadail ina iomláine amach anseo. Soláthróidh sé muinín d'infheisteoirí chun leanúint ar aghaidh agus tabhairt faoi fhorbairt tráchtála lánsála, a thacaíonn le gníomhaíochtaí faoina dtugtar ag Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh i mBéal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo.

### **Saincheist 51: Níl baint lárnach aige le tionscnaimh Rialtais a bhaint amach**

*Uimhreacha Aighneachta: 122, 124*

**Freagairt:** I bhFeabhra 2014, d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an RCFAN) an Plean Náisiúnta Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite Amach ón gcósta (OREDP). Is é cuspóir an OREDP chun creat a sholáthar d'fhorbairt inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta in Éirinn. Aithnítear san OREDP nach féidir cumas fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a fhíorú ach mura n-imríonn forbairtí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta drochthionchar ar thimpeallacht shaibhir mhuirí na hÉireann.

Tá an OREDP bunaithe ar an bprionsabal go mbeidh gach forbairt a dhéantar ar fhuinneamh gaoithe agus aigéin amach ón gcósta in uisce na hÉireann go hiomlán ar aon dul le hoibleagáidí agus le dea-chleachtas comhshaoil AE agus idirnáisiúnta na hÉireann. Sainaithnítear san OREDP an deis atá ann d'Éirinn chun cumas ár n-acmhainní fuinnimh amach ón gcósta a fhíorú chun táirgeadh dúchasach leictreachais in-athnuaite a mhéadú agus cur le laghdú ar ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, feabhas a chur ar shlándáil ár soláthair fuinnimh agus poist a chruthú inár ngeilleagar glas, mar thoradh air sin.

Déantar cur síos san OREDP ar dheich ngníomh beartais agus cumasaithe amhail baint lárnach a bheith acu le forbairt na hearnála fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, agus cuirtear tacú le láithreán tástála Chuan na Gaillimhe san áireamh go sainráite.

Meicníocht a bheidh i gcur i bhfeidhm an OREDP, faoi stiúir an RCFAN, trína gcomhordófar gníomh an rialtais i measc na dtoisí comhshaoil, beartas fuinnimh agus forbartha geilleagraí chun tacú leis an earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta chun inmharthanacht tráchtála a bhaint amach.

### **Saincheist 52: Saincheisteanna a bhaineann le crios eisiaimh timpeall an láithreáin, agus an tionchar a imreofar ar iascaireacht**

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

*Uimhreacha Aighneachta: 12, 50, 54, 57, 84, 99, 100, 116, 117, 141, 208, 208, 263, 273, 274, 282, 283, 284, 285, 307, 308, 310, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 353*

**Freagairt:** Ní bheidh aon chrios eisiaimh timpeall ar limistéar an láithreáin tástála.

Luaitear i Mír 13.9 den Tuarascáil Chomhshaoil, a phléann saincheisteanna loingseoireachta:

“Dhealrófaí go mb’iomchuí go n-athainmneofaí limistéar an láithreáin tástála mar Limistéar lena Sheachaint (ATBA) ar gach cairt loingseoireachta chun na priacail do shoithí ag loingseoireacht sa limistéar agus do na gairis a imlonnófar ag an láithreán tástála a íoslaghdú. Is beart ródúcháin é Limistéar lena Sheachaint (ATBA) trína ngabhtar limistéar laistigh de theorainneacha sainithe ina mbíonn an loingseoireacht ríghuaiseach nó go mbíonn sé ríthábhachtach chun taismigh a chosc ann agus ar cheart do gach long nó aicmí long áirithe é a sheachaint.”

Rinneadh measúnú i Mír 12.3.4 den Tuarascáil Chomhshaoil ar an tionchar a imreofar ar ghníomhaíocht iascaireachta agus baineadh an tátal a leanas as:

*“Ní dócha go mbeidh aon tionchair dhiúltacha ag an tionscadal ar an iascach agus an t-uisceshaothrú tráchtála óir nach gcuireann an crios eisiaimh do shoithí bac leis an rochtain ar chuid shuntasach den iascach, agus d’fhéadfadh gnóthachain teacht mar thoradh air don ioncam iascaigh de bharr na hiasclainne a ghintear ann. Is gairid é achar na dtionchar agus is íseal an suntas foriomlán a bhainfidh leo ar an tionscal iascaigh sa cheantar i rith suiteála agus le linn imlonnú agus athshlánú na ngaireas. Is féidir na tionchair a laghdú trí phleanáil chúramach gach gníomhaíocht a bhaineann leis an láithreán tástála i gcomhréir leis an bPlean Bainistíochta HSEQ creidiúnaithe, agus trí an rannpháirtíocht leanúnach leis na heochair-gheallshealbhóirí sa Spidéal féin.*

## 11. Saincheisteanna torainn

### **Saincheist 53: Ní dhearnadh aon mheasúnuithe torainn**

*Uimhreacha Aighneachta: 107, 117, 121, 123, 124, 129, 143, 207, 255, 285, 289, 307, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 321*

**Freagairt:** Mar gheall nach mó an torann oibríochtúil a bhfuil súil leis ag an láithreán tástála ná torann comhthimpeallach a chloistear go tipiciúil i dtimpeallacht chósta, níor tugadh faoin mheasúnú ar thorann.

Luaitear an méid a leanas san fhoirm iarratais ar léas i míreanna 33-36;

*“Is gnách gurb ionann na leibhéil uasta torainn a chruthaíonn feirmeacha gaoithe tráchtála lánscála agus ~100dB(A). Meastar gurb ionann a bheidh an torann oibríochtúil ag an láithreán tástála agus ~50dB(A).*

*Bheadh súil leis go gcruthófaí leibhéil de thorann comhthimpeallach cúlra i dtimpeallacht mhuirí chósta 30-50dB(A) ag an láithreán tástála.*

*Bheadh súil leis go mbeadh leibhéil de thorann comhthimpeallach cúlra i dtimpeallacht mhuirí chósta 30-50dB(A) i gceist ag pointe an áitribh chónaithe is gaire.*

*Tá an t-áitreabh chónaithe is gaire lonnaithe an-ghar don imeallbhord agus thart ar 1.5km ó theorainn an láithreáin tástála. Meastar gurb ionann a bheidh na leibhéil uasta torainn a bhfuil súil leo ag an láthair seo agus leibhéil a bheidh laistigh de réimse an torainn chomhthimpeallaigh chúlra idir 30-50dB(A) i dtimpeallacht mhuirí chósta.”*

### **Saincheist 54: Buairt faoi thruailliú torainn**

*Uimhreacha Aighneachta: 2, 5, 14, 72, 91, 197, 209, 222, 229, 231, 232, 244, 245, 250, 255, 259, 266, 268, 269, 277, 280, 286, 290, 300, 303, 327, 328, 329, 417, 418, 419, 421*

**Freagairt:** Tá an tsaincheist seo cosúil le saincheist 53 agus chuathas i ngleic leis sa chomhthéacs sin.

### **Saincheist 55: Cén tionchar a imreofar ar mhamaigh mhuirí?**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 107, 203, 226*

**Freagairt:** Rinne scrúdú ar an riosca i leith, agus ar an tionchar a imreofar ar, mamaigh mhuirí a d’fhéadfadh an tionscadal a chruthú i Mír 6.3 den Tuarascáil Chomhshaoil. Tacaíonn an Measúnú sonrath ar Riosca i leith Mamaigh Mhuirí in Aguisín 6, Mír 4 leis an bhfaisnéis seo, faoi mar a d’iarr an tAonad Iarratais Forbartha den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (ag an tráth sin).

Seo a leanas dóchúlacht, iarmhairt agus méid tionchair na rioscaí a sainaitníodh i leith mamaigh mhuirí:

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

<i>Riosca</i>	<i>Dóchúlacht</i>	<i>Iarmhairt</i>	<i>Tionchar</i>
Torann Suiteála:	Féideartha;	Fíor-bheag;	Íseal
Torann Oibríochtúil:	Féideartha;	Fíor-bheag;	Íseal
Riosca Imbhualite:	Mídhóchúil;	Mionriosca;	Íseal
Bacainn ar Ghluaiseacht:	Beag;	Fíor-bheag;	Íseal
Réimsí Leictreamhaighnéadacha:	Mídhóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal
Suaithheadh ar Ghrinneall na Farraige:	An-Dóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal
Cailteanas Gnáthóige agus Speiceas:	An-Dóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal
Struchtúir Nua a chur leis:	An-Dóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal

## 12. Saincheistanna eile

### **Saincheist 56: Ní dhearnadh measúnú ar an tseandálaíocht mhuirí**

*Uimhreacha Aighneachta: 262, 263, 287, 288, 292*

**Freagairt:** Cuimsítear i Mír 10 den Tuarascáil Chomhshaoil, agus in Aguisín 7: Seandálaíocht Mhuirí sonraí iomlána faoin measúnú seandálaíochta muirí faoinar tugadh.

### **Saincheist 57: Moltaí a bhaineann le forbairt do bharshaothraithe agus úsáidí eile a bhaintear as an láithreán.**

*Uimhreacha Aighneachta: 37, 107, 159, 218, 226, 295, 311, 325*

**Freagairt:** Tá iarratas á dhéanamh ag Foras na Mara ar Léas Urthrá do Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaithe. Tá sé lonnaithe ag an láithreán reatha tástála tonnfhuinnimh agus soláthróidh sé limistéar d'fhorbróirí agus do thaighdeoirí chun a dtiontairí fréamhshamhla fuinneamh aigéin agus a dteicneolaíochtaí gaolmhara a thástáil.

Déantar soláthar san iarratas ar uasghrádú bonneagair chun feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí deiridh. Sonraítear sa liosta a leanas na húsáidí fadtéarmacha a bheartaítear a bhaint as an láithreán:

- Marcanna príomhairde uasghrádaithe chun loingsiú níos sábháilte a cheadú;
- Baoi sonraí chun tomhais toinne a sholáthar;
- Baoithe chun tástáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí muirí agus brathadóirí eolaíochta;
- 'Stáisiún Mara' a sholáthróidh cumhacht do, agus a scaipfidh cumhacht ó, gléasanna fuinneamh aigéin anuas ar chumarsáid sonraí a sholáthar don chladach;
- Eagar fuaimiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar fhuaim faoi uisce;
- Bun(anna) comhghlasáilte modúlach(a) domhantarraingthe;
- Brathadóirí agus ionstraimí éagsúla eolaíochta;
- Cáblaí a cheanglóidh na hionstraimí, brathadóirí, agus na gléasanna fuinneamh aigéin.

Cumasóidh uasghrádú beartaithe an láithreáin chun a mhéid le trí ghléas aonair de na saghsanna a leanas, a imlonnú ar bhonn tréimhsiúil, ar mhaithe le cuspóirí tástála agus measúnaithe ar feadh tréimhse uasta 18 mí:

- Tiontairí fuinneamh aigéin dromchla;
- Tiontairí fuinneamh aigéin fodhromchla;
- Tiontairí fuinneamh aigéin ghrinneall na farraige;



## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

- Tuirbíní fréamhshamhla gaoithe ar snámh;
- Teicneolaíochtaí muirí agus brathadóirí eolaíochta úrnua.

Ní bheartaítear ná níl sé ina rún gur féidir le haon fhorbairtí do bharshaothraithe titim amach ag an láithreán tástála.

### **Saincheist 58: Baol d'árthaí pléisiúir agus d'árthaí iascaireachta**

*Uimhreacha Aighneachta: 90, 139, 255, 263, 292*

**Freagairt:** Rinneadh measúnú i Mír 13 de Thuarascáil Chomhshaoil Fhoras na Mara ar riosca agus ar thionchar an láithreáin ar shábháilteacht mhuirí agus i Mír 13.5, deimhníodh an méid a leanas:

*“forbairt ar scála beag gan mórán priacail ... forbairt i limistéar mar ab íseal iad na priacail fhéideartha, agus/nó forbairt ar scála beag’ atá i bhforbairt Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe’ ar na cúiseanna seo a leanas:*

- *ionad an láithreáin tástála ar chladach thuaidh Chuan na Gaillimhe lasmuigh de na bealaí loingis tráchtála;*
- *an láithreán tástála bheith ann le deich mbliana anuas;*
- *fios i leith ionad an láithreáin laistigh den phobal iascaigh áitiúil;*
- *an scéim mharcála príomhairde lena dtásctar bealaí conaire sábháilte timpeall an láithreáin tástála;*
- *áireamh an láithreáin tástála ar gach Cairt Aimiréalachta chun críocho loingseoireachta”*

Nuair a measúnaíodh an timpeallacht reatha, níor sainaithníodh gur imríodh aon tionchar suntasach ar loingseoireacht. Beartaítear roinnt bearta maolaithe i Mír 13.8 den Ráiteas Sábháilteachta Muirí chun rioscaí i leith árthaí a loingsíonn sa limistéar agus do na gléasanna a imlonnófar ag an láithreán tástála a íoslaghdú.

### **Saincheist 59: Níl cumas ar bith ann chun cosc a chur ar ghléasanna a imlonnú**

*Uimhreacha Aighneachta: 80, 207, 255*

**Freagairt:** Thitfeadh imlonnú tiontairí tonnfhuinnimh, tuirbíní taoide, gléasanna ar snámh agus tionscadail nuálaíochta eile amach i gcomhréir leis na coinníollacha diana a ndéantar cur síos orthu i Lámhleabhar Láithreán Tástála agus Taispeána Chuan na Gaillimhe a chuimsítear in Aguisín 2 den Thuarascáil Chomhshaoil, agus aon choinníollacha sonracha eile a mheasfaidh an tAire is riachtanach in aon léas a d’fhéadfaí a eisiúint.

Mínítear sa cháipéis na nósanna imeachta atá le leanúint ag aon chuideachta nó taighdeoir ar mian leis/léi Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe a úsáid chun a bhfréamhshamhlacha nó a ngléasanna tiontaithe fuinneamh aigéin a thástáil. Luaitear sa cháipéis, chomh maith, na “Coinníollacha Úsáide” don tsaoráid.

Soláthraítear sa cháipéis na coinníollacha dlíthiúla, sábháilteachta muirí, comhshaoil agus oibriúcháin nach mór do na húsáideoirí a shásamh sula ndéanófar rochtain do ghléas ar an láithreán tástála. Má theipeann ar úsáideoir chun aon cheann de na coinníollacha a shásamh, ní dheonófaí aon rochtain ar an láithreán.

**Saincheist 60: Tá an reachtaíocht as dáta**

*Uimhreacha Aighneachta: 8, 263, 292, 322*

**Freagairt:** Leasaíodh an tAcht Imeacht Trágha, 1933 roinnt uaireanta, faoi mar a shonraítear thíos:

- An tAcht Urthrá, 1933 (Uimh. 12 de 1933)
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989 (I.R. Uimh. 349 de 1989);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1999 (I.R. Uimh. 93 de 1999);
- An tAcht Urthrá (Leasú), 1992 (Uimh. 17 de 1992);
- An tAcht lascaigh (Leasú), 1997 (Uimh. 23 de 1997) (Alt 67);
- An tAcht lascaigh agus Imeacht Trá (Leasú), 1998 (Uimh. 54 de 1998) (Alt 5);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú), 1998 (I.R. Uimh. 351 de 1998);
- An tAcht lascaigh (Leasú), 2003 (Cuid 5);
- An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí, 2005 (Uimh. 11 de 2005) (Cuid 6);
- An tAcht um Imeacht Trá agus um Dhumpáil ar Farraige (Leasú), 2009 (Uimh. 39 de 2009);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Imeacht Trá), 2009 (I.R. Uimh. 404 de 2009);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rannpháirtíocht an Phobail), 2010 (I.R. Uimh. 352 de 2010);
- An tAcht Imeacht Trá (Leasú), 2011 (Uimh. 11 de 2011);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011);
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Imeacht Trá), 2012 (I.R. Uimh. 433 de 2012);
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rochtain chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Chinntí do Chomhlachtaí nó Eagraíochtaí Áirithe a Chuireann Cosaint an Chomhshaoil chun Cinn), 2014 (I.R. Uimh. 352 de 2014)

**Saincheist 61: Cé atá freagrach as díobháil a dhéantar i gcás imbhualite le gléasanna?**

*Uimhreacha Aighneachta: 1,302*

**Freagairt:** Chun rioscaí i leith árthaí a dhéanann loingsiú sa limistéar agus i leith na ngléasanna a chuirfear imlonnú ag an láithreán tástála a íoslaghú, déanann limistéar an láithreáin tástála a athshainiú mar Líomatáiste atá le Seachaint (ATBA) ar gach cairt loingseoireachta. Beart ródaithe is ea Líomatáiste atá le Seachaint (ATBA) ina bhfuil limistéar laistigh de theorainneacha sainithe ina bhfuil loingsiú an-ghuaiseach nó ina bhfuil sé fíor-thábhachtach taismigh a sheachaint agus ar cheart do gach long nó d'aicmí áirithe de longa é a sheachaint." Sa chás go dtarlaíonn imbhualadh le struchtúir ar snámh i limistéar atá marcáilte go soiléir agus atá ceadúnaithe, beidh an t-árthach freagrach as.

**Saincheist 62: Cad a tharlaíonn má scaoiltear gléasanna saor óna bhfeistiú?**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 255, 263, 292, 302*

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

**Freagairt:** I gcomhréir leis na rialacháin reachtúla mhuirí, tá Plean Freagartha Éigeandála i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Suiteálacha Fuinnimh In-Athnuaite Amach ón gCósta (OREI) á fhorbairt. Tá na pleananna agus na nósanna imeachta a bhfuiltear le tabhairt fúthu i gcás éigeandála nó baol tromchúiseach atá ar tí tarlú á n-ullmhú agus déanfar iad a nuashonrú faoi mar a theastaíonn.

Ullmhóidh forbróirí gléis measúnuithe riosca ar leith a bhaineann go sonrach le gléas sula ndéanfar gléasanna a shuiteáil. Comhlíonfaidh na measúnuithe riosca a bhaineann go sonrach le gléas treoirlínte Chóras Bainistíochta um Shláinte, Sábháilteacht agus Comhshaoil agus Cáilíocht (HSEQ).

### **Saincheist 63: Níl beartas náisiúnta ann**

*Uimhreacha Aighneachta: 255, 305, 322*

**Freagairt:** I bhFeabhra 2014, d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha (an RCFAN) an Plean Náisiúnta Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite Amach ón gCósta<sup>9</sup> (OREDP). Is é cuspóir an OREDP chun creat a sholáthar d'fhorbairt inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta in Éirinn. Aithnítear san OREDP nach féidir cumas fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a fhíorú ach mura n-imríonn forbairtí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta drochthionchar ar thimpeallacht shaibhir mhuirí na hÉireann.

Tá an OREDP bunaithe ar an bprionsabal go mbeidh gach forbairt a dhéantar ar fhuinneamh gaoithe agus aigéin amach ón gcósta in uisce na hÉireann go hiomlán ar aon dul le hoibleagáidí agus le dea-chleachtas comhshaoil AE agus idirnáisiúnta na hÉireann. Saináithnítear san OREDP an deis atá ann d'Éirinn chun cumas ár n-acmhainní fuinnimh amach ón gcósta a fhíorú chun táirgeadh dúchasach leictreachais in-athnuaite a mhéadú agus cur le laghdúithe ar ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, feabhas a chur ar shlándáil ár soláthair fuinnimh agus poist a chruthú inár ngeilleagar glas, mar thoradh air sin.

Déantar cur síos san OREDP ar dheich ngníomh beartais agus cumasaithe amhail baint lárnach a bheith acu le forbairt na hearnála fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, agus cuirtear tacú le láithreán tástála Chuan na Gaillimhe san áireamh go sainráite.

Meicníocht a bheidh i gcur i bhfeidhm an OREDP, faoi stiúir an RCFAN, trína gcomhordófar gníomh an rialtais i measc na dtoisí comhshaoil, beartas fuinnimh agus forbartha geilleagraí chun tacú leis an earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta chun inmharthanacht tráchtála a bhaint amach.

### **Saincheist 64: Tá faireachlann cháblaithe fhomhuirí suiteáilte cheana féin**

*Uimhreacha Aighneachta: 330*

**Freagairt:** Suiteáladh Faireachlann Cháblaithe Fhomhuirí Chuan na Gaillimhe in 2015 faoi cheadúnas urthrá FS005751.

---

<sup>9</sup> <http://www.dccae.gov.ie/energy/en-ie/Renewable-Energy/Pages/OREDP-Landing-Page.aspx>  
Rochtain deiridh an 10 Samhain 2016 ag 15:53

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

Tagraítear don fhaireachlann sa Tuarascáil Chomhshaoil i Mír 4.3.2 “Bonneagar Fadtéarmach” d’fhonn cur síos a chruinne agus is féidir a dhéanamh ar an mbonneagar go léir atá lonnaithe, nó a bheartaítear a lonnú, laistigh de theorainn an láithreáin tástála.

### **Saincheist 65: Cé hé an t-údarás inniúil?**

*Uimhreacha Aighneachta: 330*

**Freagairt:** Is í Rannóg Pleanála Muirí agus Urthrá na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ), an t-údarás inniúil.

### **Saincheist 66: Ba cheart go mbeadh an tionscadal faoi réir iarratas speisialaithe pleanála**

*Uimhreacha Aighneachta: 287, 330*

**Freagairt:** Ceanglaítear san Acht Imeall Trágha, 1933, arna leasú, nach mór léas nó ceadúnas a fháil ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun tabhairt faoi oibreacha nó chun struchtúir nó ábhar a leagan ar, nó ar mhaithe le hábhar a áitiú nó a bhaint ó, urthrá faoi úinéireacht an Stáit, nuair is ionann sin agus an chuid is mó den urthrá. Chomh maith leis sin, theastaigh cead a fháil roimh ré ón Aire faoin Acht Imeall Trágha, chun struchtúir bhuna a thógáil ar urthrá faoi úinéireacht phríobháideach. (Meastar go bhfuil urthrá uile na hÉireann faoi úinéireacht an Stáit mura soláthraítear teideal bailí eile).

### **Saincheist 67: Níor chomhlíon an rialtas agus a ghníomhairí forálacha an Achta Imeall Trágha, 1933**

*Uimhreacha Aighneachta: 146*

**Freagairt:** Is í Rannóg Pleanála Muirí agus Urthrá na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RTPPRÁ), an t-údarás inniúil faoin Acht Imeall Trágha, 1933 agus is iad a dhearbhaíonn comhlíonadh an Achta.

### **Saincheist 68: Gairm le haghaidh éisteacht phoiblí**

*Uimhreacha Aighneachta: 210*

**Freagairt:** Tugann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RPPRÁ) ardtús áite do rannpháirtíocht phoiblí fad a dhéantar measúnú ar iarratais urthrá.

- Ag an gcéim réamhiarratais, nuair a dhéanann an forbróir plé tosaigh ar an tionscadal leis an RPPRÁ (an Rannóg Pleanála Muirí agus Urthrá), spreagtar an forbróir chun tabhairt faoi chomhairliúcháin réamhiarratais le páirtithe leasmhara.
- I gcomhréir le Treoir um Chur i bhFeidhm Choinbhinsiún Aarhus, ceanglaítear i reachtaíocht na hÉireann a bhaineann le Measúnacht Tionchair Timpeallachta, Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaoil agus nósanna imeachta um rannpháirtíocht phoiblí go bhfoilsítear fógraí faoi iarratais i nuachtán a scaiptear ar an limistéar ábhartha agus/nó a fhoilsítear ar líne.
- Déanann an RPPRÁ an láithreán gréasáin a nuashonrú sa chás go n-iarrtar ar bhreis faisnéise agus go bhfaightear breis faisnéise.
- Sa chás go ndéantar cinneadh chun iarratas a dheonú nó a dhiúltú, cuireann an RPPRÁ na príomhchúiseanna agus na príomhbhreithniúcháin ar fáil don iarratasóir agus don phobal ar a mbunaítear an cinneadh, na príomhchúiseanna agus an príomhbhreithniúchán a bhain le haon choinníollacha a chur i bhfeidhm agus an

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

chaoi gur féidir le duine bailíocht aon chinntiúcháin den sórt sin a cheistiú trí athbhreithniú breithiúnach. Tá an fhaisnéis seo foilsithe ar láithreán gréasáin an RPPRÁ.

- A luaithe a eisíodh cinneadh, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt agus athbhreithniú breithiúnach a lorg ar bhailíocht an chinnidh. Leagtar síos in Ordú 84 de Rialacha na nUaschúrteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) na nósanna imeachta a rialaíonn athbhreithniú breithiúnach.

## 13. Saincheistanna truaillithe

### **Saincheist 69: Buarthaí ginearálta faoi thruaillíú**

*Uimhreacha Aighneachta: 44, 98, 121, 197, 222, 223, 255, 269, 277, 280, 296, 303, 308, 328, 329, 417, 418, 419, 421*

**Freagairt:** Tugtar faoi bhreithniú a dhéanamh ar thionchar féideartha fhorbairt Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe i Mír 6 (Flóra agus Fána) agus Mír 7 (Uisce) den Tuarascáil Chomhshaoil. Tugtar faoi mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar sainaitheanta sin i Mír 6.6 agus Mír 7.3, faoi seach, den Tuarascáil Chomhshaoil. Baineadh an tátal as, agus aird ar scála an láithreáin agus cineál uaineach an imlonnaithe go mbaineann buairt íseal leis an tionchar a imrítear ar bhrathadóirí:

*“Imeachtaí nó sceití tionóisce ó shoithí agus trealamh mara m.sh. sceití breosla/ola, sreabháin ghlanta, péint, ceimiceáin shainiúla, bruscar srl.; bíonn an cumas acu chun tarlú. Ina theannta sin, ab amhlaidh a d’fhéadfadh sceití breosla tarlú nuair a theastaíonn athbhreoslú ón umar díosail ar an SeaStation. Is i gcoimeádán slán a stórálfar an breosla sa SeaStation, agus ní dócha go sceithfear aon bhreosla uaidh sin.*

*Beidh gach deimhniúchán a theastaíonn ó gach soitheach a fhostófar chun saothrú ar an laithreán chun muiracmhainneacht a chinntiú. Ina theannta sin is amhlaidh a fhostófar na bearta dea-chleachtais leo chun aon tionchar féideartha ar an gcomhshaol mara a íoslaghdú, agus i gcás teagmhais tionóisce is amhlaidh a fhorfheidhmeofar Plean Truaillithe Ola na loinge agus a fhorfheidhmeofar bearta rialaithe ar bord um thruaillíú ola chun aon tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Is dócha gur fíor-bheag iad na cainníochtaí ola/breosla a bhaineann le sceití tionóisceacha, agus ba bheag an tionchar a bheadh leo ar cháilíocht an uisce. Níor dhócha go mbainfeadh sceitheadh leo.”*

Baineadh an tátal a leanas as i Mír 7.5:

*“Is gearrthéarmach agus de shuntas íseal é aon tionchar ar cháilíocht an uisce trí chéile, agus ní bhaineann aon bhaoil shuntasacha leis an bhforbairt don cháilíocht uisce.”*

### **Saincheist 70: Méid an tionchair fhéideartha truaillithe**

*Uimhreacha Aighneachta: 117, 119, 121, 122, 124, 289, 307, 312, 315, 316, 317, 319, 320*

**Freagairt:** Tá an tsaincheist seo cosúil le saincheist 69 agus chuathas i ngleic leis sa chomhthéacs sin.

### **Saincheist 71: Éilleáin agus frithshalú**

*Uimhreacha Aighneachta: 101, 103*

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

**Freagairt:** Tugadh faoi bhreithniú a dhéanamh ar thionchar féideartha fhorbairt Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe i Mír 6.5 den Tuarascáil Chomhshaoil. Tugadh faoi mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar sainaitheanta sin i Mír 6.6 den Tuarascáil Chomhshaoil mar gheall gur dearbhaíodh an méid a leanas:

*“Tá cumas ann d’éilliú ó úsáid na gcomhábhar frithshalaithe agus ó chreimeadh na n-anóidí íobartacha. Óir gurb iondúil a bheifear ag dúil go mbeidh na cainníochtaí agus na tocsaineachtaí a bhaineann leo siúd bheith ríbhag, is amhlaidh nach mbeidh ach suntas lag leis an éifeacht fhéideartha acu. Níl aon ghnáthóga íogaire i bhfoisceacht mar ar féidir leas a bhaint as na comhábhair úd, agus is lag aon tionchair a bhainfidh leo dá bharr.”*

## 14. Saincheist an Phrionsabail Réamhchúramaigh

### **Saincheist 72: Gairm chun an Prionsabal Réamhchúramach a ghairm**

*Uimhreacha Aighneachta: 15, 17, 18, 19, 20, 22, 23, 24, 25, 26, 27, 28, 29, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 36, 41, 47, 48, 49, 50, 51, 54, 55, 60, 70, 71, 72, 73, 83, 85, 89, 92, 93, 102, 111, 112, 114, 115, 117, 121, 122, 124, 127, 137, 143, 262, 289, 307, 308, 310, 311, 312, 314, 315, 316, 317, 319, 320, 330*

**Freagairt:** Luaitear i bPrionsabal Réamhchúramach OSPAR<sup>10</sup> an méid a leanas:

*“De bhua an phrionsabail réamhchúramaigh, táthar le dul i mbun bearta coisctheacha sa chás gurb ann d’fhorais réasúnta le haghaidh buartha go bhféadfadh guaiseacha i leith sláinte daoine, díobháil a dhéanamh d’acmhainní beo agus d’éiceachórais mhuirí, díobháil a dhéanamh d’fhóntais nó cur isteach ar úsáidí dlisteanacha eile a bhaint as an muir, eascairt as gníomhaíochtaí daonna, fiú nuair nach bhfuil aon fhianaise chonclúideach ann i leith caidreamh ócáideach. Níor cheart go gcuirfeadh easpa fianaise iomlán eolaíochta gníomh siar chun an timpeallacht mhuirí a chosaint. Tá coinne ag an bprionsabal leis go mbeadh costas ní b’airde le híoc ag an tsochaí agus ag an dúlra agus go gcuirfí isteach ar riachtanais na glúine amach anseo, dá gcuirfí moill ar ghníomh san fhadtéarma.”*

Luadh i gcomhairle a d’eisigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) do OSPAR in 2010 maidir leis an idirghníomhú comhshaoil idir gléasanna tonnfhuinimh agus fuinneamh taoide, go hachomair:

*“Is dóchúil go ndéanfar gnéithe tábhachtach de limistéar OSPAR d’fhorbairtí fuinnimh in-athnuaite (tonn, sruth taoide agus baráiste / claí). Tá tionchar dóchúil éiceolaíochta baráistí / claíocha mór agus tuigtear sách maith iad, ach níl tionchar toinne, agus go háirithe gléasanna srutha taoide, chomh hintuartha céanna, ach chomh beag, agus d’fhéadfaidís tionchar suntasach a imirt i dtaobh grúpaí áirithe orgánach. Is tábhachtach go ndéantar an toradh a bhíonn ar mhonatóireacht chríochnúil a dhéanamh ar luathfhorbairtí a thagann ar ghléasanna srutha toinne agus taoide a fhoilsiú agus a úsáid chun bainistíocht forbairtí ina dhiaidh sin a threorú.”*

Dá réir sin, forbróidh Foras na Mara Plean Monatóireachta Comhshaoil (PMC) mar chosaint bhreise don timpeallacht mhuirí. Dhéanfaidh an PMC cur síos mionsonraithe ar na modheolaíochtaí beartaithe suiteála, tionchar féideartha agus maolú agus bearta rialaithe gaolmhara. Chuirfeadh an PMC, chomh maith leis sin, le bearta a bheartaítear chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar, chun freagairt do thionchar agus chun aon tionchar a bhíonn i gceist a réiteach nó a mhaolú.

---

<sup>10</sup> <http://www.ospar.org/about/principles/precautionary-principle>  
Rochtain deiridh 17:32 an 4 Samhain 2016



## 15. Saincheisteanna Comhairliúcháin Phoiblí

### **Saincheist 73: Ní dhearnadh comhairliúchán dóthanach le baill den phobal**

*Uimhreacha Aighneachta: 2, 8, 9, 14, 37, 39, 50, 55, 57, 58, 59, 60, 61, 62, 63, 64, 65, 66, 68, 70, 79, 80, 81, 82, 84, 89, 90, 91, 96, 104, 106, 108, 109, 115, 117, 112, 119, 123, 129, 130, 133, 145, 196, 205, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 250, 251, 252, 257, 262, 265, 270, 271, 272, 275, 276, 279, 281, 282, 283, 284, 289, 291, 292, 301, 304, 307, 308, 310, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 324, 326, 330, 331, 332, 354*

**Freagairt:** Tugann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RPPRÁ) ardtús áite do rannpháirtíocht poiblí fad a dhéantar measúnú ar iarratais urthrá.

- Ag an gcéim réamhiarratais, nuair a dhéanann an forbróir plé tosaigh ar an tionscadal leis an RPPRÁ (an Rannóg Pleanála Muirí agus Urthrá), spreagtar an forbróir chun tabhairt faoi chomhairliúcháin réamhiarratais le páirtithe leasmhara.

Sular seoladh ar aghaidh iarratas FS006566 ar léas urthrá i rith na céime réamhiarratais, agus i gcaitheamh na céime forbartha tionscadail, cuireadh cruinnithe ar siúl le príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus le hionadaithe i gceantar an Spidéil. Soláthraítear liosta comhairliúchán faoinar tugadh i Mír 2.7.1 den Tuarascáil Chomhshaoil.

Roimh an tréimhse chomhairliúcháin poiblí reachtúil, agus lena linn, cuireadh fógraí sna nuachtáin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i mBealtaine, Meitheamh agus Lúnasa 2016, na nuachtáin a leanas ina measc;

- Irish Times, an 19 Bealtaine 2016
- Connacht Tribune, an 19 Bealtaine 2016
- The Irish Skipper, an 28 Bealtaine 2016 (foilseachán míosúil)
- The Marine Times, an 31 Bealtaine 2016 (foilseachán míosúil)
- Irish Times, an 17 Meitheamh agus an 1 Iúil 2016
- Galway Advertiser, an 23 Meitheamh agus an 30 Meitheamh 2016
- Connacht Tribune, an 24 Meitheamh agus an 1 Iúil 2016
- The Marine Times, an 1 Iúil 2016 (foilseachán míosúil)
- Galway Independent, an 3 Lúnasa 2016
- Irish Times, an 4 Lúnasa 2016
- Galway Advertiser, an 4 Lúnasa 2016
- Connacht Tribune, an 5 Lúnasa 2016

Rinneadh preaseisiúintí ó Fhoras na Mara agus ó agallaimh raidió áitiúil maidir leis an bpróiseas i gcaitheamh na tréimhse ó Aibreán go Lúnasa. Cuireadh trí chruinniú faisnéise poiblí ar siúl maidir leis an iarratas pleanáilte ar léas urthrá;

- An 19 Eanáir 2016 i dTigh Giblin, an Spidéal
- An 14 Meitheamh 2016 in Óstán na Páirce, an Spidéal
- An 21 Iúil 2016 in Óstán Chósta Chonamara, na Forbacha.

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

Ina theannta sin, chuir Foras na Mara roinnt cruinnithe ar siúl le baill den phobail agus le go leor ionadaithe tofa poiblí i gcaitheamh na seachtainí a fhad le spriocdháta d'aighneachtaí an chomhairliúcháin phoiblí.

### **Saincheist 74: Níor leor an comhairliúchán a rinneadh le páirtithe leasmhara**

*Uimhreacha Aighneachta: 42, 46, 46, 73, 102, 108, 115, 141, 143, 159, 196, 205, 206, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 251, 255, 257, 262, 267, 270, 271, 279, 281, 289, 291, 307, 308, 310, 311, 312, 315, 316, 317, 318, 319, 320, 536*

**Freagairt:** Tá an tsaincheist seo cosúil le saincheist 73 agus chuathas i ngleic leis sa chomhthéacs sin.

### **Saincheist 75: Ní raibh aon ionadaithe poiblí ar fáil i rith thréimhse an chomhairliúcháin**

*Uimhreacha Aighneachta: 144, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 189, 190, 191, 192, 198, 199, 200, 201, 204, 213, 214, 215, 216, 217, 224, 225, 262, 272, 275, 347, 349, 350, 351, 352, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 415, 416, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514*

**Freagairt:** Chomhlíon Foras na Mara gach riachtanas agus oibleagáid a bhain le comhairliúchán poiblí, faoi mar a d'fhorchuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil nuair a bhí iarratas FS006566 ar léas urthrú á sheoladh ar aghaidh.

### **Saincheist 76: Bhí easpa faisnéise ann i rith an phróisis chomhairliúcháin**

*Uimhreacha Aighneachta: 2, 10, 50, 58, 59, 61, 89, 98, 101, 103, 105, 106, 111, 115, 117, 122, 124, 137, 145, 194, 197, 222, 223, 226, 262, 273, 274, 278, 298, 307, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 321, 330, 417, 418, 419, 421*

**Freagairt:** Cuireadh cóip iomlán den iarratas, agus de na léarscáileanna, pleananna, tuarascálacha agus líníochtaí ábhartha, ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí ag na láithreacha a leanas:

- Stáisiún Gardaí Bhóthar na Trá, Bóthar na Trá, Cathair na Gaillimhe (24 uair)
- Leabharlann Phoiblí an Spidéil, an Spidéal, Contae na Gaillimhe (an Mháirt, Déardaoin agus an Aoine idir 10.30 agus 13.00 uair agus idir 13.30 agus 17.00 uair, an Chéadaoin idir 14.00 agus 17.00 uair agus idir 17.30 agus 19.30 uair, an Satharn idir 11.00 agus 15.00 uair, Dúnta ar an Luan, an Domhnach agus saoirí poiblí/bainc)
- Oifig Turasóireachta an Spidéil, an Spidéal, Contae na Gaillimhe (Idir 08.30 agus 16.30 uair ó Luan go hAoine)

Cuireadh cóip iomlán den iarratas, agus de na léarscáileanna, pleananna, tuarascálacha agus líníochtaí, ar fáil ar líne<sup>11</sup>.

Sular seoladh ar aghaidh iarratas FS006566 ar léas urthrú i rith na céime réamhiarratais, scaipeadh bileoga faisnéise poiblí ar fud an Spidéil i nDeireadh Fómhair agus i Samhain 2015 a lorg tuairimí an phobail ar an togra.

---

<sup>11</sup> <http://www.housing.gov.ie/planning/foreshore/applications/marine-institute-spiddal>  
Rochtain deiridh 16:51 an 4 Samhain 2016

Chomh maith leis sin, chuir Foras na Mara bileog Cheisteanna Coitianta<sup>12</sup> le chéile agus scaip sé é ar ghnólachtaí éagsúla atá lonnaithe idir na Forbacha agus Indreabhán i rith na seachtaine an 20-24 Meitheamh 2016 i ndiaidh an dara cruinniú faisnéise poiblí, agus d'fhreagair siad go leor de na saincheisteanna a tugadh chun solais.

**Saincheist 77: Tá an próiseas comhairliúcháin lochtach nó níor cloíodh leis**

*Uimhreacha Aighneachta: 70, 71, 72, 73, 111, 121, 206, 219, 255, 262, 263, 267, 285, 287, 292, 302, 330*

**Freagairt:** Tá an tsaincheist seo cosúil le Saincheisteanna 73 agus 76 agus pléadh sa chomhthéacs sin é.

**Saincheist 78: Níor cuireadh an pobal san áireamh sa phróiseas déanta cinntí agus sáraíonn seo coinbhinsiún Aarhus**

*Uimhreacha Aighneachta: 10, 14, 143, 144, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 160, 161, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 189, 190, 191, 192, 193, 194, 198, 199, 200, 201, 204, 213, 214, 215, 216, 217, 224, 225, 255, 267, 293, 300, 301, 304, 306, 307, 310, 311, 312, 314, 315, 316, 317, 319, 320, 324, 325, 328, 330, 347, 349, 350, 351, 352, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 415, 416, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514, 552*

**Freagairt:** Trasuítear i dTreoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa (ar a dtugtar an Treoir maidir le Rannpháirtíocht an Phobail nó an TRP) an dara agus an tríú colún d'fhorálacha Choinbhinsiún um Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht an Phobail i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCeisteanna Comhshaoil de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (an UNECE) (ar a dtugtar Coinbhinsiún Aarhus chomh maith) isteach i ndlí an Chomhphobail Eorpaigh.

Tugann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RPPRÁ) ardtús áite do rannpháirtíocht phoiblí fad a dhéantar measúnú ar iarratais urthrá agus liostaítear ar a láithreán gréasáin<sup>13</sup> na bearta sonracha a theastaíonn.

- Ag an gcéim réamharratais, nuair a dhéanann an forbróir plé tosaigh ar an tionscadal leis an RPPRÁ (an Rannóg Pleanála Muirí agus Urthrá), spreagtar an forbróir chun tabhairt faoi chomhairliúcháin réamharratais le páirtithe leasmhara.
- I gcomhréir le Treoir um Chur i bhFeidhm Choinbhinsiún Aarhus, ceanglaítear i reachtaíocht na hÉireann a bhaineann le Measúnacht Tionchair Timpeallachta, Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaoil agus nósanna imeachta um rannpháirtíocht phoiblí go bhfoilsítear fógraí faoi iarratais i nuachtán a scaiptear ar an limistéar ábhartha agus/nó a fhoilsítear ar líne. Foráiltear san Acht Imeachta Trágha, 1933 (arna leasú) nach mór d'iarratasóir, a sheol ráiteas ar an tionchar ar an timpeallacht (RTT)

<sup>12</sup>[http://www.marine.ie/Home/sites/default/files/MIFiles/Docs\\_Comms/Galway%20Bay%20Test%20Site%20FAQ%20ENG.pdf](http://www.marine.ie/Home/sites/default/files/MIFiles/Docs_Comms/Galway%20Bay%20Test%20Site%20FAQ%20ENG.pdf)

Rochtain deiridh 17:06 an 4 Samhain 2016

<sup>13</sup> <http://www.housing.gov.ie/planning/foreshore/public-participation-foreshore-consent-process>

Rochtain deiridh 16:25 an 4 Samhain 2016

## **FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí**

ar aghaidh, fógra a fhoilsiú i nuachtán a scaiptear ar an gceantar ina bhfuil an urthrá suite a mbaineann an t-iarratas leis.

- Déanann an RPPRÁ an láithreán gréasáin a nuashonrú sa chás go n-iarrtar ar bhreis faisnéis agus go bhfaightear breis faisnéise.
- Sa chás go ndéantar cinneadh chun iarratas a dheonú nó a dhiúltú, cuireann an RPPRÁ na príomhchúiseanna agus na príomhbhreithniúcháin ar fáil don iarratasóir agus don phobal ar a mbunaítear an cinneadh, na príomhchúiseanna agus an príomhbhreithniúchán a bhain le haon choinníollacha a chur i bhfeidhm agus an chaoi gur féidir le duine bailíocht aon chinntiúcháin den sórt sin a cheistiú trí athbhreithniú breithiúnach. Tá an fhaisnéis seo foilsithe ar láithreán gréasáin an RPPRÁ.
- A luaithe a eisíodh cinneadh, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt agus athbhreithniú breithiúnach a lorg ar bhailíocht an chinnidh. Leagtar síos in Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) na nósanna imeachta a rialaíonn athbhreithniú breithiúnach.

Chomhlíon Foras na Mara gach riachtanas agus oibleagáid a bhain a d'fhorchuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil nuair a bhí iarratas FS006566 ar léas urthrá á sheoladh ar aghaidh.

### **Saincheist 79: Ní raibh aon chuid den fhaisnéis curtha ar fáil i nGaeilge i dtosach báire**

*Uimhreacha Aighneachta: 43, 129, 133, 137, 143, 302, 307, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320*

**Freagairt:** Sheol Foras na Mara iarratas FS006566 ar léas urthrá ar aghaidh chuig an Rannóg Pleanála Muirí agus Urthrá ina raibh na cáipéisí dátheangacha a leanas: Foirm Iarratais ar Léas Urthrá agus Tuarascáil Chomhshaoil a ghabh leis. Níor seoladh na hagusiní teicniúla mionsonraithe ach ina mbunfhoirm Bhéarla amháin.

Cuireadh san áireamh leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse comhairliúcháin phoiblí ón 19 Bealtaine 2016 go dtí an 9 Meán Fómhair 2016 an cháipéisíocht thuas go léir.

Tá an Rannóg Pleanála Muirí agus Urthrá freagrach as láithreán gréasáin na Roinne a nuashonrú leis na sonraí agus an cháipéisíocht tacaíochta maidir le hiarratais urthrá.

### **Saincheist 80: Ní raibh an t-iarratas ar fáil as Gaeilge go dtí an 30 Meitheamh**

*Uimhreacha Aighneachta: 54, 57, 117, 122, 324*

**Freagairt:** Tá an tsaincheist seo cosúil le saincheist 79 agus chuathas i ngleic leis sa chomhthéacs sin.

### **Saincheist 81: Ní gnách go ndéanann páirtithe ar spéis leo na láithreacha ina raibh faisnéis ar fáil a rochtain**

*Uimhreacha Aighneachta: 122, 143, 307, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 335, 336, 337, 338, 339, 340, 341, 342, 343, 344, 345, 346, 348, 412, 413, 414, 420*

**Freagairt:** Cuireadh cóip den iarratas, agus de na léarscáileanna, pleananna, tuarascálacha agus líníochtaí ábhartha, ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí ag na láithreacha a leanas:

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

- Stáisiún Gardaí Bhóthar na Trá, Bóthar na Trá, Cathair na Gaillimhe (24 uair)
- Leabharlann Phoiblí an Spidéil, an Spidéal, Contae na Gaillimhe (an Mháirt, Déardaoin agus an Aoine idir 10.30 agus 13.00 uair agus idir 13.30 agus 17.00 uair, an Chéadaoin idir 14.00 agus 17.00 uair agus idir 17.30 agus 19.30 uair, an Satharn idir 11.00 agus 15.00 uair, Dúnta ar an Luan, an Domhnach agus saoirí poiblí/bainc)
- Oifig Turasóireachta an Spidéil, an Spidéal, Contae na Gaillimhe (Ó 08.30 go 16.30 uair ó Luan go hAoine)

Chomh maith leis sin, cuireadh cóip den iarratas, agus de na léarscáileanna, pleananna, tuarascálacha agus líníochtaí ábhartha, ar fáil ar líne<sup>14</sup> lena n-íoslódáil.

---

<sup>14</sup> <http://www.housing.gov.ie/planning/foreshore/applications/marine-institute-spiddal>  
Rochtain deiridh 16:51 an 4 Samhain 2016

## 16. Saincheisteanna turasóireachta

### **Saincheist 82: Turasóireacht – Agóid ghinearálta**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 13, 16, 21, 37, 54, 66, 70, 72, 80, 84, 85, 89, 91, 94, 95, 97, 99, 100, 102, 112, 114, 121, 122, 127, 132, 134, 143, 145, 162, 185, 186, 187, 188, 197, 202, 203, 220, 222, 223, 234, 244, 255, 255, 256, 263, 267, 268, 282, 283, 284, 285, 286, 290, 296, 300, 302, 305, 307, 309, 312, 315, 316, 317, 318, 319, 320, 323, 324, 327, 335, 336, 337, 338, 339, 340, 341, 342, 343, 344, 345, 346, 348, 353, 412, 413, 414, 417, 418, 419, 420, 421, 465*

**Freagairt:** Pléadh an tionchar a imreofar ar an turasóireacht i Mír 12.4 den Tuarascáil Chomhshaoil agus cinneadh an méid a leanas:

*“Ar cheann de na saincheisteanna a bhaineann le Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe i rith na céime oibríochta is ea go bhféadann eagar struchtúr éagsúil bheith beagáinín aimhrialta do shúile cuairteoirí nach feasach dóibh cuspóir an láithreáin. Breithnítear tionchar foriomlán bheith lag agus ní bhainfidh sé seo ach leis an gcás is measa mar a mbíonn gach ceann de na gairis i bhfeidhm go sealadach ag aon tráth amháin.*

*“Is de thoradh a uathúlachta ámh, a fhéadann méadú teacht ar líon na gcuairteanna chun an cheantair mar thoradh ar an láithreán tástála. D’fhéadfadh sé deis chéadláimhe a thabhairt chun féachaint ar acmhainní mara in-athnuaite i mbun oibre i gcomhshaol cois cladaigh.”*

I mír 12.4.3 den Tuarascáil Chomhshaoil, tugann Foras na Mara gealltanais, trí mhaolú, don mhéid a leanas:

*“chun suiteáil léirmhínte a sholáthar ag an gcladach (sa Spidéal is dóichí), ina dtabharfar eolas faoi na teicneolaíochtaí in-athnuaite mara éagsúla agus faoi chuspóir an láithreáin um thástáil na ngaireas úd. Creidtear go mb’inspéise é Láithreán Tástála Fhuinneamh na Mara agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe do dhaoine, agus gur dócha go mbainfear aon débhrí dóibh siúd de na daoine a fhaigheann eolas faoin láithreán.”*

Chomisiúnaigh Fáilte Éireann tuarascáil neamhspleách ag AOS Planning (Aighneacht Chomhairliúcháin Phoiblí Uimh. 297) ar iarratas FS006566 Fhoras na Mara ar léas urthrá, ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar thábhacht aon tionchair ar fhóntas turasóireachta an cheantair áitiúil agus na gceantar níos fairsinge. Luaitear sna conclúidí ón tuarascáil sin:

*“Meastar, faoi láthair, cé go n-athróidh an fhorbairt a bheartaítear cineál agus nádúr na timpeallachta glactha – is é sin, maidir leis na radhairc athraithe ar Chuan na Gaillimhe, ní héagsúil go suntasach an tionchar seo ó na gníomhaíochtaí a thiteann amach faoi láthair sa chuan oibre seo. Meastar, chomh maith, go mbeidh tromlach na gcuairteoirí a thagann chun an cheantair in ann an fhorbairt a fheiceáil go heatramhach fad a bhíonn siad ag taisteal feadh an R336 bóthar an chósta. Sa chomhthéacs seo, meastar nach dóchúil go n-imreofar tionchar suntasach diúltach ar thurasóireacht sa cheantar mar thoradh ar an togra reatha.”*

### **Saincheist 83: Ní dhearnadh measúnú ar an tionchar**

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

*Uimhreacha Aighneachta:* 57, 98, 144, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 158, 160, 161, 163, 164, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 175, 176, 177, 178, 179, 180, 181, 182, 183, 184, 189, 190, 191, 192, 193, 198, 199, 200, 201, 204, 213, 214, 215, 216, 217, 224, 225, 234, 256, 258, 272, 275, 276, 293, 301, 304, 306, 324, 330, 334, 335, 336, 337, 338, 339, 340, 341, 342, 343, 344, 345, 346, 347, 348, 349, 350, 351, 352, 355, 356, 357, 358, 359, 360, 361, 362, 363, 364, 365, 366, 367, 368, 369, 370, 371, 372, 373, 374, 375, 376, 377, 378, 379, 380, 381, 382, 383, 384, 385, 386, 387, 388, 389, 390, 391, 392, 393, 394, 395, 396, 397, 398, 399, 400, 401, 402, 403, 404, 405, 406, 407, 408, 409, 410, 411, 412, 413, 414, 415, 416, 420, 422, 423, 424, 425, 426, 427, 428, 429, 430, 431, 432, 433, 434, 435, 436, 437, 438, 439, 440, 441, 442, 443, 444, 445, 446, 447, 448, 449, 450, 451, 452, 453, 454, 455, 456, 457, 458, 459, 460, 461, 462, 463, 464, 466, 467, 468, 469, 470, 471, 473, 474, 475, 476, 477, 478, 479, 480, 481, 482, 483, 484, 485, 486, 487, 488, 489, 490, 491, 492, 493, 494, 495, 496, 497, 498, 499, 500, 501, 502, 503, 504, 505, 506, 507, 508, 509, 510, 511, 512, 513, 514

**Freagairt:** Tá seo cosúil le saincheist 82 agus chuathas i ngleic leis sa chomhthéacs sin.

### **Saincheist 84: Eisiamh ón gcomhairliúchán**

*Uimhreacha Aighneachta:* 115, 117, 122, 207, 287, 289, 308, 310

**Freagairt:** Dhearbhaigh an t-údarás inniúil na comhlachtaí seachtracha ar scaipeadh iarratas FS006566 Fhoras na Mara orthu chun a dtuairim a thabhairt air. Rinne Fáilte Éireann aighneacht ar iarratas FS006566 Fhoras na Mara i rith chéim an chomhairliúcháin phoiblí (Aighneacht Chomhairliúcháin Phoiblí Uimh. 297).

### **Saincheist 85: Slí an Atlantaigh Fhiáin**

*Uimhreacha Aighneachta:* 1, 14, 16, 21, 50, 70, 73, 74, 75, 76, 77, 87, 91, 94, 101, 102, 105, 108, 117, 122, 124, 131, 133, 136, 139, 143, 159, 206, 207, 226, 232, 256, 258, 259, 267, 268, 270, 271, 285, 285, 297, 300, 303, 307, 310, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 465

**Freagairt:** Choimisiúnaigh Foras na Mara sainchomhairleoirí speisialaithe neamhspleácha Macro Works Ltd. chun tabhairt faoi Mheasúnacht Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc. Tá an tuarascáil curtha san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil agus tá na fótamontáisí a ghabhann leis curtha san áireamh mar Aguisín 9. Déantar cur síos i Mír 1.2.1.4 den Mheasúnacht Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc ar na fóntais agus na saoráidí poiblí:

*“Limistéar turasóireachta ar a bhfuil an-tóir is ea cósta thuaidh na Gaillimhe agus tá ann roinnt mhaith óstán, cóiríocht leaba agus bricfeasta, bialann agus tithe tábhairne. Chomh maith leis sin, tá sráidbhaile ceardaíochta ann sa Spidéal. Cruthaíonn R336 bóthar an chósta cuid de bhealach tiomána do thurasóirí ‘Slí an Atlantaigh Fhiáin’ ar cuireadh tús leis le déanaí agus a bhfuil an-tóir air agus soláthraíonn sé rochtain, chomh maith, ar Oileáin Árann trí sheirbhís Farantóireachta ag Ros an Mhíl agus ag aeradróm ag Indreabhán.”*

Is iad Pointí Tagartha Limistéar Léargais (VRPanna) na láithreacha a úsáidtear chun staidéar mionsonraithe a dhéanamh ar thionchar amhairc an togra agus tá siad in ainm is réimse saghsanna, faid agus uillinneacha difriúla gabhdóra a léiriú. Léiríonn trí cinn as na cúig cinn de Phointí Tagartha Limistéar Léargais a shonraítear i Mír 1.2.2.3 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc radhairc a d’fheicfí de ghnáth feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Déantar measúnú i Mír 1.3.2.4 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc ar thionchar amhairc bhonneagar an láithreáin tástála ó gach ceann de na VRPanna agus breithníodh gurb ionann an tionchar agus tionchar idir íseal agus íseal-fíor-bheag.

Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh Fáilte Éireann tuarascáil neamhspleách ag AOS Planning (Aighneacht Chomhairliúcháin Phoiblí Uimh. 297) ar iarratas FS006566 Fhoras na Mara ar léas urthrá, ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar thábhacht aon tionchair ar

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

fhóntas turasóireachta an cheantair áitiúil agus na gceantar níos fairsinge. Luaitear sna conclúidí ón tuarascáil sin:

*“Meastar, faoi láthair, cé go n-athróidh an fhorbairt a bheartaítear cineál agus nádúr na timpeallachta glactha – is é sin, maidir leis na radhairc athraithe ar Chuan na Gaillimhe, ní héagsúil go suntasach an tionchar seo ó na gníomhaíochtaí a thiteann amach faoi láthair sa chuan oibre seo. Meastar, chomh maith, go mbeidh tromlach na gcuariteoirí a thagann chun an cheantair in ann an fhorbairt a fheiceáil go heatramhach fad a bhíonn siad ag taisteal feadh an R336 bóthar an chósta. Sa chomhthéacs seo, meastar nach dóchúil go n-imreofar tionchar suntasach diúltach ar thurasóireacht sa cheantar mar thoradh ar an togra reatha.”*

### **Saincheist 86: Láithreán Bhoirne / UNESCO**

*Uimhreacha Aighneachta: 46, 70, 73, 89, 102, 108, 111, 124, 206, 289, 307, 312, 315, 316, 317, 319, 320*

**Freagairt:** Choimisiúnaigh Foras na Mara sainchomhairleoirí speisialaithe neamhspleácha Macro Works Ltd. chun tabhairt faoi Mheasúnacht Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc. Tá an tuarascáil curtha san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil agus tá na fótamontáisí a ghabhann leis curtha san áireamh mar Aguisín 9. Déantar cur síos i Mír 1.3.3 den Mheasúnacht Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc ar an údar agus ar mhéid an limistéir staidéir a roghnaíodh:

*“Tá an tsaoráid tástála fuinnimh mhuirí a bheartaítear suite 1.3km amach ón gcósta agus ní bhainfidh formhór na gcomhchodanna airde agus cúpla méadar amach os cionn na líne snámha. Cé go bhféadfaí cuid de chomhchodanna na forbartha a bheartaítear a fheiceáil ó fhaid a mhéid le 10km agus na coinníollacha amhairc is fearr i gceist, is dóchúil gurb éigean a bheidh siad le feiceáil. Ar an ábhar sin, is an-mhídhóchúil go n-eascródh aon tionchar suntasach amhairc astu ag na faid siúd. Ar an gcúis seo, cuireadh limistéar staidéir de gha 5km atá níos dírithe i bhfeidhm sa chás seo.”*

Tá Geo-Pháirc UNESCO Bhoirne lonnaithe 8km ón bhforbairt a bheartaítear ag an bpointe is gaire agus is dóchúil nach mbeidh comhchodanna den fhorbairt a bheartaítear infheicthe, ach chomh beag, agus is fíor-mhídhóchúil go mbeidh siad ina n-údar le haon tionchar suntasach amhairc a imirt mar gheall go bhfuil siad suite chomh fada sin amach ón láithreán.

### **Saincheist 87: Gaillimh 2020**

*Uimhreacha Aighneachta: 43, 258, 259, 293, 301, 304*

**Freagairt:** Níor cuireadh tairiscint Gaillimh 2020 do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa go sonrach san áireamh sa tionchar ar an turasóireacht, mar gheall go bpléitear an tionchar sin i Mír 12.4 den Tuarascáil Chomhshaoil. Measúnaíodh tionchar na forbartha a bheartaítear ar an turasóireacht ghinearálta agus dearbhaíodh gur tionchar beag é, agus go bhféadfadh go n-imreofaí tionchar dearfach:

*“Ar cheann de na saincheisteanna a bhaineann le Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaithe Chuan na Gaillimhe i rith na céime oibríochta is ea go bhféadann eagar struchtúr éagsúil bheith beagáinín aimhrialta do shúile cuairteoirí nach feasach dóibh cuspóir an láithreáin. Breithnítear tionchar foriomlán bheith lag agus ní bhainfidh sé seo ach leis an gcás is measa mar a mbíonn gach ceann de na gairis i bhfeidhm go sealadach ag aon tráth amháin.”*



## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

*“Is de thoradh a uathúlachta ámh, a fhéadann méadú teacht ar líon na gcuirteanna chun an cheantair mar thoradh ar an láithreán tástála. D’fhéadfadh sé deis chéadláimhe a thabhairt chun féachaint ar acmhainní mara in-athnuaite i mbun oibre i gcomhshaol cois cladaigh.”*

I mír 12.4.3 den Tuarascáil Chomhshaoil, trí mhaolú, thug Foras na Mara gealltanas don mhéid a leanas a dhéanamh:

*“chun suiteáil léirmhínte a sholáthar ag an gcladach (sa Spidéal is dóichí), ina dtabharfar eolas faoi na teicneolaíochtaí in-athnuaite mara éagsúla agus faoi chuspóir an láithreáin um thástáil na ngaireas úd. Creidtear go mb’inspéise é Láithreán Tástála Fhuinneamh na Mara agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe do dhaoine, agus gur dócha go mbainfear aon débhrí dóibh siúd de na daoine a fhaigheann eolas faoin láithreán.”*

Chomh maith leis sin, tá Foras na Mara ag comhoibriú le Gaillimh 2020 maidir le roinnt tionscadal<sup>15</sup>;

- *An Artist in Every Place*, á chomhléiriú le UZ Arts (Albain) de chuid Líonra InSitu – cuimsíonn na tionscadail láithreacha uirbeacha agus tuaithe agus tá baint ag grúpa pobail comhshaoil, cóir ionad oibre, agus tógálaithe bád traidisiúnta iontu i gcomhpháirt le Foras na Mara.
- *Arial Sparks*, mar a mbeidh Louise Manifold mar ealaíontóir cónaithe ar ártach Taighde Fhoras na Mara atá bunaithe i nGaillimh, an *Celtic Explorer*, agus forbróidh sí, le linn turas taiscéalaíochta 20 lá, an creat agus an choimre le haghaidh ochtar ealaíontóirí Éireannacha agus Eorpacha chun sraith sé chuid a chruthú de chraolacháin thurgnamhacha raidió aigéin/cósta.
- Togra Fairsingithe Mhúsaem Ceantair Sea Gate/Mhol Láir Stairiúil, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Fáilte Éireann, Ard-Mhúsaem na hÉireann, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

---

<sup>15</sup> “Making Waves” Iarratas na Gaillimhe ar Chathair Chultúir na hEorpa 2020

## 17. Saincheisteanna Tionchar Amhairc

### **Saincheist 88: Drochtionchar ar an muirdhreach**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 13, 126, 132, 133, 134, 137, 230, 250, 252, 253, 255, 259, 263, 282, 283, 284, 290, 292, 297, 302, 305, 353, 354, 472*

**Freagairt:** Rinneadh breithniú sonrath ar an tionchar ar an muirdhreach i Mír 1.3.1.3 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc a chuirtear san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil, mar a luaitear:

*“Feadh stráice garbh den imeallbhord, d’fhéadfadh go gcruthódh an radharc ar réimse geoiméadrach de struchtúir amach ón gcósta an bhraistint go bhfuil an muirdhreach nádúraíoch á fhorbairt agus go bhfuiltear ag baint de. Sa chás seo, áfach, ní hionann an stráice den imeallbhord atá i gceist agus cuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus níor imir gníomhaíochtaí cultúrtha tionchar air ar feadh na gcéadta bliain. Tá an tsaoráid reatha tástála cuimsithe laistigh de chuan mór a fhreastalaíonn ar ghníomhaíochtaí laethúla daonra cósta sách ard a bhfuil cur amach acu cheana féin ar ghníomhaíochtaí comhchosúla atá ag titim amach ag an láithreán. Ar an gcúis seo, ní mheastar go dtiocfaidh na struchtúir a bheartaítear salach ar na luachanna muirdhreacha a bhaineann leis an gcuid ó thuaidh de Chuan na Gaillimhe.”*

### **Saincheist 89: Tionchar a imirt ar radhairc ar Chuan na Gaillimhe / cósta an Chláir**

*Uimhreacha Aighneachta: 6, 8, 78, 79, 121, 123, 143, 196, 197, 205, 211, 212, 227, 228, 234, 235, 236, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 251, 255, 257, 265, 267, 268, 270, 271, 279, 281, 286, 291, 299, 300, 303, 313, 327, 417, 418, 419, 421, 472*

**Freagairt:** Is iad Pointí Tagartha Limistéar Léargais (VRPanna) na láithreacha a úsáidtear chun staidéar mionsonraithe a dhéanamh ar thionchar amhairc an togra agus tá na hionaid amhairc in ainm is réimse saghsanna, faid agus uillinneacha difriúla gabhdóra a léiriú. Nuair a chuirtear san áireamh nach gcuimsíonn an fhorbairt a bheartaítear toirt shuntasach, beidh tionchar amhairc mar thoradh, nach mór go hiomlán, ar ‘ionsá’ amhairc, seachas mar thoradh ar ‘bhac’ amhairc (amharc a bhlocáil).

I dtaobh gach VRP a bhreithnítear, idir tionchar íseal agus tionchar íseal-fíor-bheag a bhí méid an tionchair. Déantar measúnú ar thionchar amhairc bhonneagar an láithreáin tástála ó gach ceann de na VRPanna sonraithe i Mír 1.3.2.4 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc agus is ann a shonraítear é.

### **Saincheist 90: Tá na grianghraif míthreorach**

*Uimhreacha Aighneachta: 9, 50, 98, 107, 117, 124, 137, 143, 196, 205, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 251, 252, 257, 263, 265, 270, 271, 278, 279, 281, 289, 291, 307, 312, 315, 316, 317, 319, 320, 321, 330*

**Freagairt:** Cuirtear na fótamontáisí a ghabhann le tuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc san áireamh mar Aguisín 9 agus tháirg sainchomhairleoirí speisialaithe neamhspleácha iad agus gabhadh agus cuireadh i láthair iad i gcomhréir le Treoirlíne maidir le Léirshamlú Oidhreachta Nádúrtha na hAlban 2014. Cuirtear an bonneagar fadtéarmach go léir a bheadh infheicthe ar an láithreán, agus na trí ghléas is mó

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

atá ionsáiteach i dtaobh cúrsaí amhairc de, faoi mar a ndéantar cur síos orthu san iarratas, san áireamh i ngach ceann de na cúig fhótamontáis a chuirtear i láthair don phobal.

### **Saincheist 91: Tagann an láithreán salach ar nádúr an tírdhreacha**

*Uimhreacha Aighneachta: 16, 16, 21, 54, 55, 56, 60, 86, 91, 96, 97, 99, 100, 111, 118, 135, 137, 140, 185, 186, 187, 188, 203, 209, 220, 229, 231, 254, 264, 266, 268, 311, 324*

**Freagairt:** Tagraíonn na conclúidí i Mír 1.15.1 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc a chuirtear san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil do chineál agus nádúr an mhuidhreacha/an tírdhreacha:

*“... stráice den imeallbhord é seo ar a bhfuil daoine lonnaithe agus tá air réimse de thionscail chósta agus daonra atá sách dlúth ach atá scaipthe, mar sin féin. Ar an ábhar seo, tá nádúr antrapaigineach ag an imeallbhord seo agus ní mheastar go dtiocfaidh úsáid leanúnach a bhaint as an tsaoráid tástála fuinnimh mhuirí an-salach ar na luachanna muirdhreacha a bhaineann leis an gcuid ó thuaidh de Chuan na Gaillimhe. Breithnítear gurb ionann suntasacht fhoriomlán an tionchair ar an muirdhreach agus fíor-bheag agus ní bhainfidh sé seo ach leis an gcás is measa mar a mbíonn gach ceann de na struchtúir i bhfeidhm go sealadach ag aon tráth amháin.”*

### **Saincheist 92: Tá an láithreán infheicthe go soiléir ón R336 / Slí Chonamara**

*Uimhreacha Aighneachta: 59, 108, 121*

**Freagairt:** Beidh bonnagar an láithreán tástála a bheartaítear infheicthe ón R336 agus ó Shlí Chonamara.

Léiríonn trí cinn as na cúig cinn de Phointí Tagartha Limistéar Léargais a shonraítear i Mír 1.2.2.3 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc, a chuirtear san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil agus na fótamontáis a ghabhann leis, a chuirtear san áireamh mar Aguisín 9, radhairc a d’fheicfí de ghnáth ón R336.

Léiríonn gach ceann de na cúig cinn de Phointí Tagartha Limistéar Léargais a shonraítear i Mír 1.2.2.3 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc, a chuirtear san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil agus na fótamontáis a ghabhann leis, a chuirtear san áireamh mar Aguisín 9, radhairc a d’fheicfí de ghnáth ó ‘Shlí Chonamara’ mar gheall go bhfuil siad go léir lonnaithe feadh imeallbhord thuaidh Chuan na Gaillimhe.

Is iad Pointí Tagartha Limistéar Léargais (VRPanna) na láithreacha a úsáidtear chun staidéar mionsonraithe a dhéanamh ar thionchar amhairc an togra agus tá siad in ainm is réimse difriúla de shaghsanna gabhdóra a léiriú. Déantar measúnú ar thionchar amhairc bhonneagar an láithreáin tástála ó gach ceann de na VRPanna i Mír 1.3.2.4 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc.

Luaitear sna conclúidí i Mír 1.5.1 den tuarascáil:

*“... stráice beo agus oibre d’imeallbhord atá i gceist leis seo ina bhfuil réimse struchtúr agus úsáidí talún lonnaithe agus ní mheastar go dtagann an tsaoráid*

*tástála fuinnimh mhuirí salach ar an nádúr agus ar na luachanna a bhaineann leis na caol-léargais sa limistéar seo.”*

**Saincheist 93: Tá an láithreán i “Limistéar ina bhfuil Radharc faoi Chosaint”**

*Uimhreacha Aighneachta: 70, 102, 111, 112, 113, 114, 273, 274*

**Freagairt:** Is ionann Pointe Tagartha Limistéar Léargais VP5: Promanáid feadh an R336 bóthar an chósta ag na Forbacha agus Limistéar ina bhfuil Radharc faoi Chosaint Uimh. 74: “Radharc ar Chósta Thuaidh an Chláir”, faoi mar a dtagraítear dó i bPlean Forbartha Contae na Gaillimhe. Is iad na Pointí Tagartha Limistéar Léargais (VRPanán) a roghnaítear, faoi mar a shonraítear i Mír 1.2.2.3 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc, a chuirtear san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil agus na fótamontáisí a ghabhann leis, a chuirtear san áireamh mar Aguisín 9, na láithreacha a úsáidtear chun staidéar mionsonraithe a dhéanamh ar thionchar amhairc an togra agus tá siad in ainm is réimse de shaghsanna difriúla de ghabhdóir a léiriú.

Déantar an measúnú a leanas ar thionchar amhairc bhonneagar an láithreáin tástála ón limistéar léargais thuas i Mír 1.3.2.4 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc:

*“Is ar éigean a bheidh struchtúir bheartaithe na saoráide tástála fuinnimh mhuirí infheicthe uaidh seo i dtreo bhéal Chuan na Gaillimhe (an t-íardheisceart) mar gheall ar an bhfad amhairc agus ar an easpa codarsnachta in aghaidh na spéire. Le linn coinníollacha soiléire amhairc, is mó is dóichí gurb é an tuirbín gaoithe ar snámh an struchtúir a thabharfar faoi deara. I gcomhthéacs an tsuímh dhinimiciúil agus chasta chósta sa tulra, meastar go mbeidh láithreacht íosta amhairc ag an tsaoráid tástála fuinnimh mhuirí a bheartaítear. Ar an gcúis chéanna, ní dóchúil go mbainfidh sé go suntasach den chonláiste amhairc a thugtar faoi deara ag an láthair seo. Ar bhonn na gcúiseanna a dtugtar cuntas orthu thuas, breithnítear gurb ionann méid an tionchair amhairc seo agus tionchar fíor-bheag.”*

**Saincheist 94: Gráin súil / smál ar an radharc tíre / gránna**

*Uimhreacha Aighneachta: 38, 91, 104, 121, 127, 138, 139, 142, 162, 222, 223, 232, 234, 240, 241, 242, 243, 244, 245, 277, 285, 335, 336, 337, 338, 339, 340, 341, 342, 343, 344, 345, 346, 348, 412, 413, 414, 420*

**Freagairt:** Aithníonn na sainchomhairleoirí speisialaithe neamhspleácha um Measúnacht Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc i Mír 1.5.2 de thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc, a chuirtear san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil:

*“I dtaobh aeistéitice, meastar go bhféadfadh go mbeidh cuma beagán aimhrialta ar an mbraisle de struchtúir athraitheacha.”*

Luaitear sna conclúidí i Mír 1.5.1 den tuarascáil, chomh maith:

*“D’fhéadfadh na struchtúir, chomh maith leis sin, cur le mionmhéid de thranglam amhairc in aghaidh an radhairc amach ar an bhfarraige, go háirithe i dtaobh radhairc ar uillinneacha ísle ón gcladach, áit nach bhfuil leagan amach tríthoiseach na struchtúir chomh feiceálach céanna. Ina ainneoin sin, stráice beo agus oibre d’imeallbhord atá i gceist leis seo ina bhfuil réimse struchtúir agus úsáidí talún*

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

*Ionraithe agus ní mheastar go dtagann an tsaoráid tástála fuinnimh mhuirí salach ar an nádúr agus ar na luachanna a bhaineann leis na caol-léargais sa limistéar seo.”*

### **Saincheist 95: Is deacair don phobal áitiúil fiorthuisicint a fháil ar thionchar (amhairc) an láithreáin tástála**

*Uimhreacha Aighneachta: 9, 143, 196, 205, 211, 212, 227, 228, 235, 236, 238, 239, 246, 247, 248, 249, 251, 257, 265, 270, 271, 279, 281, 287, 291, 330*

**Freagairt:** Choimisiúnaigh Foras na Mara sainchomhairleoirí speisialaithe neamhspleácha Macro Works Ltd. chun tabhairt faoi Mheasúnacht Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc. Tá an tuarascáil curtha san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil agus tá na fótamontáisí a ghabhann leis curtha san áireamh mar Aguisín 9.

### **Saincheist 96: Tionchar amhairc ar an turasóireacht**

*Uimhreacha Aighneachta: 95, 101, 103, 226, 297, 300, 309*

**Freagairt:** Pléadh an tionchar a imreofar ar an turasóireacht i Mír 12.4 den Tuarascáil Chomhshaoil agus cinneadh an méid a leanas:

*“Ar cheann de na saincheisteanna a bhaineann le Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe i rith na céime oibríochta is ea go bhféadann eagar struchtúr éagsúil bheith beagáinín aimhrialta do shúile cuairteoirí nach feasach dóibh cuspóir an láithreáin. Breithnítear tionchar foriomlán bheith lag agus ní bhainfidh sé seo ach leis an gcás is measa mar a mbíonn gach ceann de na gairis i bhfeidhm go sealadach ag aon tráth amháin.*

*Is de thoradh a uathúlachta ámh, a fhéadann méadú teacht ar líon na gcuariteanna chun an cheantair mar thoradh ar an láithreán tástála. D’fhéadfadh sé deis chéadláimhe a thabhairt chun féachaint ar acmhainní mara in-athnuaite i mbun oibre i gcomhshaol cois cladaigh.”*

I mír 12.4.3 den Tuarascáil Chomhshaoil, trí mhaolú, thug Foras na Mara gealltanais chun an méid a leanas a dhéanamh:

*“chun suiteáil léirmhínte a sholáthar ag an gcladach (sa Spidéal is dóichí), ina dtabharfar eolas faoi na teicneolaíochtaí in-athnuaite mara éagsúla agus faoi chuspóir an láithreáin um thástáil na ngaireas úd. Creidtear go mb’inspéise é Láithreán Tástála Fhuinneamh na Mara agus In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe do dhaoine, agus gur dócha go mbainfear aon débhrí dóibh siúd de na daoine a fhaigheann eolas faoin láithreán.”*

Choimisiúnaigh Fáilte Éireann tuarascáil neamhspleách ag AOS Planning (Aighneacht Chomhairliúcháin Phoiblí Uimh. 297) ar iarratas FS006566 Fhoras na Mara ar léas urthrá, ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar thábhacht aon tionchair ar fhóntas turasóireachta an cheantair áitiúil agus na gceantar níos fairsinge. Luaitear sna conclúidí ón tuarascáil sin:

*“Meastar, faoi láthair, cé go n-athróidh an fhorbairt a bheartaítear cineál agus nádúr na timpeallachta glactha – is é sin, maidir leis na radhairc athraithe ar Chuan na Gaillimhe, ní héagsúil go suntasach an tionchar seo ó na gníomhaíochtaí a thiteann amach faoi láthair sa chuan oibre seo. Meastar, chomh maith, go mbeidh*

## FS006566: Freagairt Fhoras na Mara ar aighneachtaí poiblí

*tromlach na gcuariteoirí a thagann chun an cheantair in ann an fhorbairt a fheiceáil go heatramhach fad a bhíonn siad ag taisteal feadh an R336 bóthar an chósta. Sa chomhthéacs seo, meastar nach dóchúil go n-imreofar tionchar suntasach diúltach ar thurasóireacht sa cheantar mar thoradh ar an togra reatha.”*

### **Saincheist 97: Oibiachtúlacht an Mheasúnaithe**

*Uimhreacha Aighneachta: 2, 86, 280, 285, 287, 311, 311, 322, 322, 322, 328, 329*

**Freagairt:** Thug na sainchomhairleoirí speisialaithe neamhspleácha, Macro Works Ltd. faoi thuarascáil na Measúnachta Tionchair Muirdhreacha agus Amhairc, a chuirtear san áireamh mar Aguisín 8 den Tuarascáil Chomhshaoil, a n-áirítear lena shaineolas ábhartha breis agus 90 feirm ghaoithe, bonneagar tarchuir leictreachais, crainn teileachumarsáide agus réimse leathan d’fhorbairtí tionsclaíocha agus tráchtála, agus bunaítear an tuarascáil ar an méid a leanas:

- Foilseachán leis an Institiúid Tírdhreacha (Landscape Institute) agus an Institiúid um Bainistíocht agus Measúnacht Comhshaoil (the Institute of Environmental Management and Assessment) dar teideal Treoirínte maidir le Measúnacht Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc (‘Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment’) (GLVIA-2013).
- Foilseachán le Natural England ‘An approach to Seascape Character Assessment’ (2012)
- Foilseachán de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC) – ‘Treoirínte maidir leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú i Ráitis Tionchair Timpeallachta (‘Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Statements’) (2002) agus na Nótaí Comhairle maidir le Cleachtas Reatha agus Ráitis Tionchair Timpeallachta á nUllmhú (‘Advice Notes on Current Practice in the Preparation of Environmental Impact Statements’) (2003) a ghabhann leis.

## 18. Saincheisteanna fiadhúlra

### **Saincheist 98: Cruthaíonn an tionscadal a bheartaítear riosca agus d'fhéadfadh sé bheith mar chúis le díobháil a dhéanamh do mhamaigh mhuirí**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 3, 60, 65, 66, 68, 79, 98, 112, 114, 122, 137, 206, 226, 289, 300, 302, 307, 311, 312, 315, 316, 317, 319, 320*

**Freagairt:** Rinne scrúdú ar an riosca i leith, agus ar an tionchar a imreofar ar, mamaigh mhuirí a d'fhéadfadh an tionscadal a chruthú i Mír 6.3 den Tuarascáil Chomhshaoil. Tacaíonn an Measúnú sonrath ar Riosca i leith Mamaigh Mhuirí in Aguisín 6, Mír 4 leis an bhfaisnéis seo, faoi mar a d'iarr an tAonad Iarratais Forbartha den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (ag an tráth sin).

Seo a leanas dóchúlacht, iarmhairt agus méid tionchair na rioscaí a sainaitníodh i leith mamaigh mhuirí:

<b>Riosca</b>	<b>Dóchúlacht</b>	<b>Iarmhairt</b>	<b>Tionchar</b>
Torann Suiteála:	Féideartha;	Fíor-bheag;	Íseal
Torann Oibríochtúil:	Féideartha;	Fíor-bheag;	Íseal
Riosca Imbhualte:	Mídhóchúil;	Mionriosca;	Íseal
Bacainn ar Ghluaiseacht:	Beag;	Fíor-bheag;	Íseal
Réimsí Leictreamhaighnéadacha:	Mídhóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal
Suaithheadh ar Ghrinneall na Farraige:	An-Dóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal
Cailteanas Gnáthóige agus Speiceas:	An-Dóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal
Struchtúir Nua a chur leis:	An-Dóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal

### **Saincheist 99: Cruthaíonn an tionscadal a bheartaítear riosca agus d'fhéadfadh sé bheith mar chúis le díobháil a dhéanamh d'éin**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 3A, 13, 66, 68, 112, 114, 117, 136, 300, 307, 309, 311, 312, 315, 316, 318, 319, 320, 330*

**Freagairt:** Scrúdaítear an riosca i leith éan, agus an tionchar orthu, a d'fhéadfadh an tionscadal a chruthú i Mír 6.4 den Tuarascáil Chomhshaoil. Tacaíonn Tuarascáil Scagtha Thástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 1 in Aguisín 6, Mír 3, faoi mar a cheanglaítear faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach, leis an bhfaisnéis seo.

Seo a leanas dóchúlacht, iarmhairt agus méid tionchair na rioscaí a sainaitníodh i leith éan:

<b>Riosca</b>	<b>Dóchúlacht</b>	<b>Iarmhairt</b>	<b>Tionchar</b>
Cailteanas Gnáthóige agus Speiceas:	An-Dóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal
Struchtúir Nua a chur leis:	An-Dóchúil;	Fíor-bheag;	Íseal
Riosca Imbhualte:	Mídhóchúil;	Mionriosca;	Íseal
Bacainn ar Ghluaiseacht:	Beag;	Fíor-bheag;	Íseal

Dheimhnigh torthaí Thuarascáil Scagtha Thástáil i leith Measúnú Oiriúnachta Chéim 1 nach gcruthóidh an tionscadal aon riosca i leith dhaonraí aon chinn de na speicis éin a measúnaíodh sa Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta.

### **Saincheist 100: Cruthaíonn an tionscadal a bheartaítear riosca agus d'fhéadfadh sé bheith mar chúis le díobháil a dhéanamh don fhiadhúlra ginearálta**

*Uimhreacha Aighneachta: 1, 61, 70, 74, 75, 76, 77, 81, 83, 84, 85, 85, 87, 94, 115, 126, 130, 197, 203, 221, 222, 232, 250, 255, 263, 269, 292, 292, 303, 327, 330, 330, 417, 418, 419, 421*

**Freagairt:** Tá seo cosúil le Saincheistanna 111 agus 112 agus pléadh sa chomhthéacs sin é.

**Saincheist 101: D’imir an láithreán tástála tionchar diúltach cheana féin ar mhamaigh mhuirí agus ar éin**

*Uimhreacha Aighneachta: 79, 101, 103, 121, 206*

**Freagairt:** Ullmhaíodh an Tuarascáil Chomhshaoil chun anailís a sholáthar ar thionchar dóchúil (dea-thionchar agus drochthionchar), na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaoil, an flóra, an fána, an t-uisce, an tírdhreach agus oidhreacht chultúrtha ina measc. Déantar cur síos ar na coinníollacha bonnlíne comhshaoil i ngach ceann de na caibidlí faoi seach sa Tuarascáil Chomhshaoil agus cuireann siad torthaí i láthair ó staidéir éagsúla faoinar tugadh i gcaitheamh oibriú an láithreáin tástála le deich mbliana anuas a léiríonn gur imir na hoibríochtaí roimhe seo agus go n-imríonn na hoibríochtaí reatha tionchar fíor-bheag ar mhamaigh mhuirí agus ar éin.

**Saincheist 102: Cruthaíonn an tionscadal a bheartaítear riosca agus d’fhéadfadh sé bheith mar chúis le díobháil a dhéanamh d’iasc agus do stoc éisc**

*Uimhreacha Aighneachta: 3A, 4, 80, 98, 107, 126, 136, 159, 208, 226, 300*

**Freagairt:** Déantar measúnú i Mír 12.3 den Tuarascáil Chomhshaoil ar an tionchar ar stoic éisc a d’fhéadfadh an tionscadal a chruthú agus deimhníodh go bhféadfadh limistéir iasclainne a fhorbairt eascairt as an limistéar tástála, mar gheall ar an eisiamh éifeachtach iascaireachta atá i bhfeidhm ann, agus d’fhéadfadh seo stoc éisc agus sliogéisc a bharrfheabhsú. Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh córais feistithe struchtúir shaorga sceire a chruthú a bhféadfadh stoc barrfheabhsaithe éisc agus sliogéisc sa limistéar bheith mar thoradh orthu. D’fhéadfadh gabháil mhéadaithe bheith mar thoradh ar na limistéir iasclainne siúd, agus chuirfeadh seo feabhas ar ioncam an iascaire ar bhonn inbhuanaithe.